BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Achomharc – Gníomhaíocht sheachtrach – Comhaontuithe idirnáisiúnta – An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile – Comhaontú maidir le leasú a dhéanamh ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú sin – Gníomh tabhairt i gcrích – Líomhaintí maidir le sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta mar thoradh ar infheidhmeacht an Dara Comhaontú maidir le críoch an tSahára Thiar – Caingean le haghaidh neamhniú – Inghlacthacht – Inniúlacht imeachtaí dlí a thionscnamh – *Locus standi* – Coinníoll nach mór, i gcásanna áirithe, baint dhíreach agus ar bhonn indibhidiúil a bheith ag an iarratasóir leis an mbeart atá faoi chonspóid – Prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí – Prionsabal an fhéinchinntiúcháin – Críocha neamh-fhéinrialaitheacha – Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe – Lánrogha Chomhairle an Aontais Eorpaigh – Dlí idirnáisiúnta an ghnáis – Prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais – Toiliú na ndaoine i gcríoch neamh-fhéinrialaitheach a bhfuil an ceart chun féinchinntiúcháin acu mar thríú páirtí i gcomhaontú idirnáisiúnta)

I gCásanna uamtha C-779/21 P agus C-799/21 P,

maidir le dhá achomharc de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 14 Nollaig 2021 agus an 16 Nollaig 2021 faoi seach,

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ar dtús ag A. Bouquet, F. Castillo de la Torre, F. Clotuche-Duvieusart agus B. Eggers, i gcáil Gníomhairí, ina dhiaidh sin ag A. Bouquet, D. Calleja Crespo, F. Clotuche-Duvieusart agus B. Eggers, i gcáil Gníomhairí,

iarratasóir i gCás C-779/21 P,

le tacaíocht ó:

Ríocht na Spáinne, arna hionadú ag L. Aguilera Ruiz agus A. Gavela Llopis, i gcáil Gníomhairí,

idiragraí san achomharc,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

Front populaire pour la libération de la Saguia-el-Hamra agus du Rio de oro (Front Polisario), arna ionadú ag G. Devers, avocat,

iarratasóir ag an gcéad chéim,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

Comhairle an Aontais Eorpaigh,

cosantóir ag an gcéad chéim,

Poblacht na Fraince, arna hionadú ar dtús ag J.-L. Carré, A.-L. Desjonquères agus T. Stéhelin, i gcáil Gníomhairí, ina dhiaidh sin ag G. Bain, B. Herbaut, M. Stéhelin agus B. Travard, i gcáil Gníomhairí,

Confédération marocaine de l'agriculture agus du développement rural (Comader), arna ionadú ag N. Angelet, G. Forwood agus A. Hublet, abhcóidí, agus N. Forwood, BL,

idiragraithe ag an gcéad chéim,

agus

Comhairle an Aontais Eorpaigh, arna hionadú ar dtús ag F. Naert agus V. Piessevaux, i gcáil Gníomhairí, ina dhiaidh sin ag F. Naert, A. Nowak-Salles agus V. Piessevaux, i gcáil Gníomhairí,

iarratasóir i gCás C-799/21 P,

le tacaíocht ó:

Ríocht na Beilge, arna hionadú ar dtús ag J.-C. Halleux, C. Pochet agus M. Van Regemorter, i gcáil Gníomhairí, ina dhiaidh sin ag C. Pochet agus M. Van Regemorter, i gcáil Gníomhairí,

Ríocht na Spáinne, arna hionadú ag L. Aguilera Ruiz agus A. Gavela Llopis, i gcáil Gníomhairí,

An Ungáir, arna hionadú ag M. Z. Fehér agus K. Szíjjártó, i gcáil Gníomhairí,

Poblacht na Portaingéile, arna hionadú ag P. Barros da Costa agus A. Pimenta, i gcáil Gníomhairí,

Poblacht na Slóvaice, arna hionadú ar dtús ag B. Ricziová, i gcáil Gníomhaire, ina dhiaidh sin ag S. Ondrášiková, i gcáil Gníomhaire,

idiragraithe san achomharc,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

Front populaire pour la libération de la Saguia-el-Hamra agus du Rio de oro (Front Polisario), arna ionadú ag G. Devers, abhcóide,

iarratasóir ag an gcéad chéim,

Poblacht na Fraince, arna hionadú ar dtús ag J.-L. Carré, A.-L. Desjonquères agus T. Stéhelin, i gcáil Gníomhairí, ina dhiaidh sin ag G. Bain, B. Herbaut, M. Stéhelin agus B. Travard, i gcáil Gníomhairí,

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ar dtús ag A. Bouquet, F. Castillo de la Torre, F. Clotuche-Duvieusart agus B. Eggers, i gcáil Gníomhairí, ina dhiaidh sin ag A. Bouquet, D. Calleja Crespo, F. Clotuche-Duvieusart agus B. Eggers, i gcáil Gníomhairí,

Confédération marocaine de l'agriculture et du développement rural (Comader), arna ionadú ag N. Angelet, G. Forwood agus A. Hublet, avocats, agus N. Forwood, BL,

idiragraithe ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT BREITHIÚNAIS (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Arabadjiev, C. Lycourgos, E. Regan, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dlísheomra, S. Rodin, I. Jarukaitis, A. Kumin, N. Jääskinen (Rapóirtéir), M. L. Arastey Sahún agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus i ndiaidh éisteacht an 23 agus 24 Deireadh Fómhair 2023,

tar éis éisteacht le tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 21 Márta 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena n-achomhairc féin faoi seach, iarrann an Coimisiún Eorpach (Cás C-779/21 P) agus Comhairle an Aontais Eorpaigh (Cás C-799/21 P) go gcuirfí ar neamhní breithiúnas de chuid Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 29 Meán Fómhair 2021, *Front Polisario* v *an Chomhairle* (T-279/19, an 'breithiúnas atá faoi achomharc', EU:T:2021:639), lena gcuirtear ar neamhní Cinneadh (AE) 2019/217 ón gComhairle an 28 Eanáir 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2019 L 34, lch. 1, an 'cinneadh atá faoi chonspóid').

2 Sa chás C-799/21 P, iarrann an Chomhairle, mar mhalairt air sin, éifeachtaí an chinnidh atá faoi chonspóid a choinneáil go ceann tréimhse 12 mhí ó dháta fógartha an bhreithiúnais atá le tabhairt.

An dlí lena mbaineann

Dlí idirnáisiúnta

Cairt na Náisiún Aontaithe

3 Foráiltear le hAirteagal 1 de Chairt na Náisiún Aontaithe, arna síniú in San Francisco an 26 Meitheamh 1945 (‘Cairt na Náisiún Aontaithe’):

‘Is iad seo a leanas cuspóirí na Náisiún Aontaithe:

[...]

2. Caidreamh cairdiúil a fhorbairt i measc náisiún bunaithe ar urraim do phrionsabal na gcomhcheart agus an fhéinchinntiúcháin pobal, agus bearta iomchuí eile a dhéanamh chun síocháin an domhain a neartú;

[...]’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 I gCaibidil XI de Chairt na Náisiún Aontaithe, dar teideal ‘Dearbhú maidir le críocha neamh-fhéinrialaitheacha’, áirítear Airteagal 73 de, lena bhforáiltear:

‘Aithnítear le comhaltaí de na Náisiúin Aontaithe a bhfuil freagracht orthu, nó a ghlacann freagracht, as críocha a riar nach riarann a bpobail iad féin go hiomlán fós, prionsabal thosaíocht leasanna phobal na gcríoch sin. Glacann siad mar mhisean naofa leis an oibleagáid a rathúnas a chur chun cinn a mhéid is féidir, faoi chuimsiú an chórais idirnáisiúnta síochána agus slándála a bhunaítear leis an gCairt seo [...]

[...]”
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Coinbhinsiún Vín

5 De réir na míre deiridh de bhrollach Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí, a tugadh i gcrích i Vín an 23 Bealtaine 1969 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 1155, lch. 331, ‘Coinbhinsiún Vín’), dearbhaíonn na páirtithe sa Choinbhinsiún sin ‘go leanfaidh rialacha dhlí idirnáisiúnta an ghnáis d’ábhair nach bhfuil faoi rialú fhorálacha an Choinbhinsiúin [sin] a rialú’.

6 Foráiltear le hAirteagal 3 den Choinbhinsiún sin, dar teideal ‘Comhaontuithe idirnáisiúnta nach gcumhdaítear leis an gCoinbhinsiún seo’:

‘Ní dhéanfaidh sé difear do na nithe seo a leanas mura bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún seo maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích idir Stáit agus ábhair eile dlí idirnáisiúnta nó idir ábhair eile dlí idirnáisiúnta iad féin, nó le comhaontuithe idirnáisiúnta nach bhfuil i scríbhinn:

[...]

(b) aon cheann de na rialacha atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo, agus a mbeidís faoina réir faoin dlí idirnáisiúnta, go neamhspleách ar an gCoinbhinsiún sin, a chur i bhfeidhm ar na Comhaontuithe sin;

[...]'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 29 de Choinbhinsiún Vín, dar teideal 'Cur i bhfeidhm críochach na gConarthaí':

'Mura léir rún eile ón gConradh nó mura mbunaítear é ar shlí eile, tá Conradh ina cheangal ar gach páirtí i ndáil lena chríoch iomlán.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 34 den Choinbhinsiún sin, dar teideal 'Riail ghinearálta a bhaineann le tríú Stáit':

'Ní chruthaítear le Conradh oibleagáidí ná cearta do thríú Stát gan a thoiliú. '
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Seo a leanas foclaíocht Airteagal 35 den Choinbhinsiún sin, dar teideal 'Conarthaí lena leagtar síos oibleagáidí do thríú Stáit':

'Beidh oibleagáid ar thríú Stát mar gheall ar fhoráil conartha má tá sé beartaithe ag páirtithe an chonartha sin an t-oibleagáid a bhunú leis an bhforáil sin agus má ghlacann an tríú Stát go sainráite leis an oibleagáid sin i scríbhinn.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Faoi Airteagal 36 den Choinbhinsiún sin, dar teideal 'Conarthaí lena bhforáiltear do chearta do thríú Stáit':

'1. Beidh ceart ag tríú Stát mar gheall ar fhoráil conartha má tá sé beartaithe ag páirtithe an chonartha sin, leis an bhforáil sin, an ceart sin a thabhairt don tríú Stát nó do ghrúpa Stát lena mbaineann sé, nó do gach Stát, agus má thoilíonn an tríú Stát leis. Toimhdeofar a toiliú a bheith tugtha fad nach léireofar a mhalairt, mura bhforáiltear a mhalairt sa chonradh.

2. Beidh sé de cheangal ar Stát a fheidhmeoidh ceart faoi mhír 1 na coinníollacha a leagtar síos sa Chonradh nó a bhunaítear i gcomhréir lena fhorálacha a urramú, agus an ceart sin á fheidhmiú aige.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An Comhaontú Comhlachais

11 An 1 Márta 2000, tháinig an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, a síníodh sa Bhruiséil an 26 Feabhra 1996 (IO 2000 L 70, lch. 2, 'an Comhaontú Comhlachais') i bhfeidhm.

12 Foráiltear le hAirteagal 1(1) agus (2) den Chomhaontú sin:

‘1. Bunaítear leis seo comhlachas idir an [Comhphobal Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach] agus a mBallstáit, de pháirt, agus Maracó, den pháirt eile.

2. Is iad cuspóirí an Chomhaontaithe seo:

– bonn iomchuí a sholáthar le haghaidh an idirphlé pholaitiúil idir na Páirtithe, lena bhféadfar forbairt a dhéanamh ar dhlúthchaidreamh i ngach réimse a mheasann siad a bheith ábhartha maidir le hidirphlé den sórt sin,

– na coinníollacha a bhunú maidir le léirscaoileadh na trádála in earraí, i seirbhísí agus i gcaipiteal de réir a chéile,

– an trádáil agus forleathnú an chaidrimh chomhchuí eacnamaíoch agus shóisialta idir na Páirtithe a chur chun cinn, go háirithe trí bhíthin idirphlé agus comhair, chun forbairt agus rathúnas Mharacó agus mhuintir Mharacó a chothú,

– comhtháthú thíortha na Magraibe a spreagadh trí thrádáil agus comhar a chur chun cinn idir Maracó agus tíortha eile an réigiúin;

– comhar eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus airgeadais a chur chun cinn.’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear le hAirteagal 16 den Chomhaontú sin:

‘Cuirfidh [an Comhphobal Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach] agus Maracó léirscaoileadh níos fearr ar a dtrádáil chómhalartach maidir le táirgí talmhaíochta agus iascaigh chun feidhme go comhleanúnach.’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 Foráiltear le hAirteagal 94 den Chomhaontú sin mar seo a leanas:

‘Beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis na críocha a bhfuil feidhm ag na conarthaí lenar bunaíodh an Comhphobal Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin, de pháirt, agus maidir le críoch Ríocht Mharacó, den pháirt eile.’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Cúlra na díospóide

15 Chun críocha na n-imeachtaí reatha, is féidir achoimre a dhéanamh ar chúlra na díospóide, mar a leagtar amach i míreanna 1 go 53 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, mar a leanas.

An comhthéacs idirnáisiúnta

16 Is críoch é an Sahára Thiar in iarthuaisceart mhór-roinn na hAfraice, a choilínigh Ríocht na Spáinne ag deireadh an 19ú haois sular tháinig sé chun bheith ina chúige Spáinneach. In 1963, d’áirigh na Náisiúin Aontaithe é ar ‘Réamhliosta na gCríoch a bhfuil feidhm ag an Dearbhú

maidir le Neamhspleáchas Tíortha agus Pobal Coilíneachta a Dheonú [Rún 1514 (XV) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe]', mar chríoch neamh-fhéinrialaitheach arna riar ag Ríocht na Spáinne, de réir bhrí Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe. Tá sé fós ar liosta na gcríoch neamh-fhéinrialaitheach arna tharraingt suas ag Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ar bhonn na faisnéise arna soláthar de bhun Airteagal 73(e) den Chairt sin.

17 An 20 Nollaig 1966, ag a 1500ú seisiún iomlánach, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 2229 (XXI) maidir le ceist an Ifni agus Sahára na Spáinne, inar athdhearbhaigh sé 'ceart doshannta Shahára na Spáinne chun féinchinntiúcháin i gcomhréir le Rún 1514 (XV) ó Chomhthionól Ginearálta [na Náisiún Aontaithe]' agus inar iarr sé ar Ríocht na Spáinne, ina cáil mar údarás riaracháin, 'a chinneadh a luaithe is féidir [...] na socruithe maidir le reifreann a eagrú a bheadh le reáchtáil faoi choimirce na Náisiún Aontaithe chun a chur ar chumas phobal dúchais na críocha a ceart chun féinchinntiúcháin a fheidhmiú gan bhac'.

18 An 24 Deireadh Fómhair 1970, ag an 1883ú seisiún iomlánach a bhí aige, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 2625 (XXV), lenar fhormheas sé an 'Dearbhú maidir le Prionsabail an Dlí Idirnáisiúnta a bhaineann le Caidreamh Cairdiúil agus Comhar idir Stáit de bhun Chairt na Náisiún Aontaithe', a bhfuil an téacs de i gceangal leis an rún sin. 'Fógraítear go sollúnta' leis an dearbhú sin, *inter alia*, 'prionsabal na gceart comhionann agus prionsabal féinchinntiúcháin na bpobal'.

19 Is eagraíocht í Front populaire pour la libération de la Saguia-el-Hamra et du Rio de oro (Front Polisario) a bunaíodh an 10 Bealtaine 1973 sa Sahára Thiar. Sainmhínítear í, in Airteagal 1 dá reachtanna, mar 'ghluaiseacht náisiúnta um shaoradh' a ndéanann a comhaltaí 'comhrac ar son neamhspleáchas iomlán agus aisghabháil cheannasacht phobal Sachrámhach ar chríoch iomlán an tSahára Thiar'.

20 An 20 Lúnasa 1974, sheol Ríocht na Spáinne litir chuig Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ag fógairt a cinnidh reifreann a reáchtáil, faoi choimirce na Náisiún Aontaithe, chun cur ar chumas mhuintir an tSahára Thiar a gceart féinchinntiúcháin a fheidhmiú.

21 An 16 Deireadh Fómhair 1975, d'eisigh an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI), ina cáil mar phríomhchomhlacht breithiúnach na Náisiún Aontaithe agus tar éis iarraidh a fháil ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i gcomhthéacs a chuid oibre ar dhíchoilíniú an tSahára Thiar, Tuairim Chomhairleach maidir leis an 'Sahára Thiar' (Tuarascálacha CBI 1975, lch. 12, 'an Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar'). I mír 162 den Tuairim sin, chinn CBI mar seo a leanas:

'Léiríonn an fhianaise agus an fhaisnéis a cuireadh faoi bhráid [CBI] go raibh naisc dhlíthiúla ghéillsine ann, tráth choilíniú na Spáinne, idir sabhdán Mharacó agus cuid de na treibheanna atá ina gcónaí ar chríoch an tSahára Thiar. Léirítear iontu freisin gurb ann do chearta, lena n-áirítear cearta áirithe maidir le talamh, arbh ionann iad agus naisc dhlíthiúla idir an Mháratáin ina hiomláine, mar a thuigtear le [CBI], agus críoch an tSahára Thiar. Ar an taobh eile, measann [CBI] nach suitear leis an bhfianaise agus leis an bhfaisnéis a cuireadh ar a shúile dó go bhfuil aon nasc ceannasachta críochaí ann idir críoch an tSahára Thiar, ar thaobh amháin, agus Ríocht Mharacó nó an Mháratáin ina hiomláine, ar an taobh eile. Dá bhrí sin, níor chinn [CBI] gurb ann do naisc dhlíthiúla a d'fhéadfadh cur i bhfeidhm Rún 1514 (XV) [ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe] a athrú maidir le díchoilíniú an tSahára Thiar agus go háirithe cur i bhfeidhm phrionsabal an fhéinchinntiúcháin trí shaorléiriú dílis ar thoil phobail na críche. [...]'

22 I mír 163 den Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar, luaigh CBI an méid seo a leanas go háirithe:

‘[Tá CBI den tuairim], maidir le Ceist I, [...] nach raibh an Sahára Thiar (Rio de Oro agus Sakiet El Hamra) ina chríoch neamhrialaithe (*terra nullius*) tráth choilíniú na Spáinne; [...] maidir le ceist II, [...] go raibh naisc dhlíthiúla ag an gcríoch le Ríocht Mharacó ag a raibh na saintréithe a leagtar amach i mír 162 den tuairim seo [agus] go raibh naisc dhlíthiúla ag an gcríoch leis an Máratáin ina hiomláine ag a raibh na saintréithe a leagtar amach i mír 162 den tuairim seo.’

23 In óráid a thug sé an lá a foilsíodh an Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar, dúirt Rí Mharacó ‘gur aithin an domhan ar fad go raibh an Sahára [Thiar] i seilbh Ríocht Mharacó’ agus ‘go raibh sé d’oibleagáid air an chríoch sin a aiséileamh go síochánta’, ag iarraidh, chuige sin, go n-eagrófaí máirseáil.

24 An 6 Samhain 1975, ag a 1854ú seisiún, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 380 (1975) maidir leis an Sahára Thiar, inar ‘cháin [sí] cur i bhfeidhm na máirseála’ a fógraíodh agus inar ‘iarr [sí] ar [Ríocht] Mharacó na rannpháirtithe go léir sa mháirseáil [sin] a tharraingt siar láithreach ó chríoch an tSahára Thiar’.

25 An 26 Feabhra 1976, chuir Ríocht na Spáinne in iúl d’Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe go raibh sí, ón dáta sin, ag cur deireadh lena láithreacht sa Sahára Thiar agus mheas sí gur scaoileadh í ó aon fhreagracht idirnáisiúnta a bhain le riaradh na críche sin.

26 Idir an dá linn, thosaigh coinbhleacht armtha sa réigiún idir Ríocht Mharacó, Poblacht Ioslamach na Máratáine agus Front Polisario. Sa chomhthéacs sin, d’éalaigh cuid de dhaonra an tSahára Thiar, ar baill den phobal Sachrámhach iad den chuid is mó, as an gcríoch sin agus fuair siad tearmann i gcampaí ar chríoch na hAilgéire, gar don teorainn leis an Sahára Thiar.

27 An lá tar éis deireadh a theacht le Ríocht na Spáinne a bheith i láthair sa Sahára Thiar, d’fhógair Front Polisario bunú na Poblacht Daonlathaí Arabaí Sachrámhaí (PDAS). Níor aithin an tAontas Eorpach ná aon cheann dá Bhallstáit PDAS go dtí seo.

28 An 14 Aibreán 1976, thug Ríocht Mharacó conradh i gcrích le Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le críoch an tSahára Thiar a dheighilt agus rinne sí an chuid den chríoch sin a leithdháileadh uirthi leis an gconradh sin a ionghabháil. An 10 Lúnasa 1979, thug Poblacht Ioslamach na Máratáine comhaontú síochána i gcrích le Front Polisario, comhaontú faoinar thréig sí gach éileamh críochach ar an Sahára Thiar. Tar éis na conclúide sin, ghlac Ríocht Mharacó smacht ar an gcríoch a d’aslonnaigh fórsaí na Máratáine.

29 An 21 Samhain 1979, ag a 75ú seisiún iomlánach, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 34/37 maidir le saincheist an tSahára Thiar, inar ‘dhearbhaigh sé go láidir an ceart doshannta atá ag pobal an tSahára Thiar chun féinchinntiúcháin agus neamhspleáchais, i gcomhréir le [Cairt na Náisiún Aontaithe] [...] agus cuspóirí a Rún 1514 (XV)’, inar ‘cháin sé go láidir an staid atá ag dul in olcas mar thoradh ar fhorghabháil leanúnach Mharacó ar an Sahára Thiar’, ‘ag iarraidh ar Mharacó páirt a ghlacadh go láithreach i bpróiseas na síochána agus deireadh a chur le forghabháil chríoch an tSahára Thiar’ agus ‘chun na críche sin, ag moladh go mbeadh Front Polisario, a dhéanann ionadaíocht ar phobal an tSahára Thiar, rannpháirteach go hiomlán in aon chuardach ar réiteach polaitiúil cóir, marthanach agus cinntitheach ar shaincheist an tSahára Thiar, i gcomhréir le rúin agus dearbhuithe na Náisiún Aontaithe’. Lean Rún 35/19, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ag an 56ú seisiún iomlánach a

bhí aige an 11 Samhain 1980, an rún sin. I mír 10 den rún sin, d'iarr Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe '[...] ar Mharacó agus [Front Polisario], a dhéanann ionadaíocht ar phobal an tSahára Thiar, dul i mbun caibidlíocht dhíreach d'fhonn teacht ar réiteach cinntitheach ar shaincheist an tSahára Thiar'.

30 Lean an choinbhleacht idir Ríocht Mharacó agus Front Polisario ar aghaidh go dtí an 30 Lúnasa 1988, nuair a ghlac na páirtithe, i bprionsabal, le tograí le haghaidh réitigh ó, *inter alia*, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus a fhoráiltear leo go háirithe do shos comhraic a fhógairt agus do reifreann a eagrú maidir le féinchinntiúchán faoi rialú na Náisiún Aontaithe. Mar sin féin, in éagmais réiteach polaitiúil, cuireadh tús arís leis an gcogaíocht in 2020.

31 Chun, *inter alia*, maoirseoireacht a dhéanamh ar an sos comhraic agus chun cabhrú le heagrú an reifrinn sin, bhunaigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Misean na Náisiún Aontaithe chun reifreann a eagrú sa Sahára Thiar (Minurso) i mí Aibreáin 1991, a gcuirtear síneadh lena shainordú gach bliain agus atá fós ann inniu. Athdhearbhaíodh go rialta sna Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nach mór d'aon réiteach polaitiúil 'féinchinntiúchán mhuintir an tSahára Thiar a chumasú i gcomhthéacs socruithe atá i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt na Náisiún Aontaithe' [féach, le déanaí, Rún 2703 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 30 Deireadh Fómhair 2023, mír 4].

32 Go dtí seo, níor reáchtáladh reifreann den sórt sin go fóill agus rialaíonn Ríocht Mharacó an chuid is mó de chríoch an tSahára Thiar, a scarann balla gainimh a thóg agus a mhaoirsíonn a arm ón gcuid eile den chríoch sin, atá faoi rialú Front Polisario.

An Comhaontú Comhlachais, an Comhaontú Léirscaoilte agus a n-iarmhairtí dlíthiúla

33 Tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhlachais an 1 Márta 2000, tugadh roinnt Prótacal a ghabhann leis i gcrích agus leasaíodh iad. Mar sin, an 13 Nollaig 2010, síníodh sa Bhruiséil an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le bearta léirscaoilte cómhalartacha i ndáil le táirgí talmhaíochta, táirgí talmhaíochta próiseáilte, éisc agus táirgí iascaigh, maidir le Prótacail 1, 2 agus 3 agus a nIarscríbhinní a ionadú agus maidir leis na leasuithe ar an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2012 L 241, lch. 4, 'an Comhaontú Léirscaoilte'). Rinneadh an comhaontú sin a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh le Cinneadh 2012/497/AE ón gComhairle an 8 Márta 2012 (IO 2012 L 241, lch. 2).

34 An 19 Samhain 2012, thug Front Polisario caingean os comhair na Cúirte Ginearálta ag iarraidh an cinneadh sin a neamhniú, ag líomhain, *inter alia*, roinnt sáruithe a rinne an Chomhairle ar a hoibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, ar an bhforas gur fhormheas sí, leis an gcinneadh sin, cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Léirscaoilte maidir le críoch an tSahára Thiar. Le breithiúnas an 10 Nollaig 2015, *Front Polisario* v *an Chomhairle* (T-512/12, EU:T:2015:953), chuir an Chúirt Ghinearálta Cinneadh 2012/497 ar neamhní a mhéid a d'fhormheas sí cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Léirscaoilte maidir leis an Sahára Thiar, ar an bhforas nár chomhlíon an Chomhairle a hoibleagáid scrúdú a dhéanamh, sular glacadh an cinneadh sin, ar ghnéithe go léir an cháis seo, trí mhainneachtain a fhíorú an ndearna saothrú na dtáirgí de thionscnamh na críche sin a onnmhairíodh chuig an Aontas Eorpach dochar do dhaonra na críche sin agus nach raibh sárú ar chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann i gceist leis.

35 Agus achomharc ón gComhairle os a comhair an 19 Feabhra 2016, chuir an Chúirt Bhreithiúnais, le breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973), breithiúnas an 10 Nollaig 2015, *Front Polisario* v *an Chomhairle* (T-512/12, EU:T:2015:953) ar neamhní, agus dhiúltaigh sí do chaingean Front Polisario a tugadh os comhair na Cúirte Ginearálta toisc í a bheith do-ghlactha. I ndáil leis sin, sheas an Chúirt Bhreithiúnais leis an dara foras achomhairc, lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí ina hanailís ar sheasamh Front Polisario imeachtaí a thionscnamh agus, go sonrach, ar an ngearán gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart go raibh feidhm ag an gComhaontú Léirscaoilte maidir leis an Sahára Thiar. Chinn an Chúirt, *inter alia*, i gcomhréir le prionsabal an fhéinchinntiúcháin, is infheidhme sa chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, agus leis an gceart chun féinchinntiúcháin a eascraíonn as sin do phobal an tSahára Thiar, ar críoch neamh-fhéinrialaitheach í, de réir bhrí Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe, go raibh stádas ar leithligh agus leithleach ag an gcríoch sin ó stádas aon Stáit, lena n-áirítear stádas Ríocht Mharacó. Chinn an Chúirt nach bhféadfaí na focail 'críoch Ríocht Mharacó' in Airteagal 94 den Chomhaontú Comhlachais a léiriú ar bhealach ina n-áireofaí an Sahára Thiar i raon feidhme críochach an Chomhaontaithe sin.

36 Chun teacht ar an gconclúid sin, bhraith an Chúirt Bhreithiúnais freisin, ina breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973), ar an bhfíoras gur ghá pobal an tSahára Thiar a mheas mar 'thríú páirtí', de réir bhrí phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí. Bhí gá le toiliú ón tríú páirtí sin ionas go bhféadfadh cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais difear a dhéanamh dó dá mbeadh críoch an tSahára Thiar san áireamh i raon feidhme an Chomhaontaithe sin, gan é a bheith riachtanach a chinneadh an dócha go ndéanfadh an cur chun feidhme sin dochar dó nó, os a choinne sin, an rachadh sé chun tairbhe dó. Thug an Chúirt faoi deara, áfach, nár léiríodh i mbreithiúnas an 10 Nollaig 2015, *Front Polisario* v *an Chomhairle* (T-512/12, EU:T:2015:953), gur léirigh muintir an tSahára Thiar an toiliú sin maidir leis an gComhaontú Comhlachais.

An Comhaontú agus an cinneadh atá faoi chonspóid

37 Tar éis bhreithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973), le cinneadh an 29 Bealtaine 2017, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le Ríocht Mharacó d'fhonn comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích lena leasaítear Prótacal 1 maidir leis na socruithe is infheidhme maidir le hallmhairiú táirgí talmhaíochta, táirgí talmhaíochta próiseáilte, éisc agus táirgí iascaigh de thionscnamh Mharacó isteach san Aontas Eorpach agus Prótacal 4 maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais. I gcomhthéacs an údaraithe chun tús a chur le caibidlíocht a tugadh don Choimisiún, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an gcéad dul síos, a áirithiú go nglacfaidh na daoine, lena mbaineann an comhaontú idirnáisiúnta atá i gceist, páirt ann go hiomchuí agus, ar an dara dul síos, measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomhaontú sin ar fhorbairt inbhuanaithe an tSahára Thiar, go háirithe na tairbhí do dhaoine áitiúla agus tionchar shaothrú na n-acmhainní nádúrtha ar na críocha lena mbaineann.

38 Tar éis don Choimisiún tagairt a dhéanamh do na comhairliúcháin agus don anailís a rinne sé ina thuarascáil an 11 Meitheamh 2018 maidir leis na tairbhí do phobal an tSahára Thiar, agus maidir le comhairliúchán leis an bpobal sin, maidir le fabhair tharaife a leathnú chuig táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar, síníodh comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú

Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2019 L 34, lch. 4) ('an Comhaontú atá faoi chonspóid') sa Bhruiséil an 25 Deireadh Fómhair 2018.

39 Foráiltear an méid seo a leanas leis an tríú go dtí an naoú mír de gach ceann den dá litreacha, agus an Comhaontú atá faoi chonspóid ag eascair as malartú na litreacha sin:

'Tugtar an Comhaontú seo i gcrích gan dochar do sheasaimh [an Aontais] faoi seach maidir le stádas an tSahára Thiar agus stádas Ríocht Mharacó sa réigiún sin.

Athdhearbhaíonn an dá pháirtí go dtacaíonn siad le próiseas na Náisiún Aontaithe agus go dtacaíonn siad le hiarrachtaí [Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe] teacht ar réiteach polaitiúil críochnaitheach, i gcomhréir le prionsabail agus cuspóirí Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar bhonn rúin ó [Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe].

Chomhaontaigh [an tAontas] agus Ríocht Mharacó an dearbhú comhpháirteach seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Phrótacal Uimh. 4 [...]:

"Dearbhú comhpháirteach maidir le cur chun feidhme Phrótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an [gComhaontú Comhlachais]

1. Bainfidh táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar atá faoi réir rialú údarás custaim Ríocht Mharacó tairbhe as na fabhair thrádála chéanna a dheonaíonn an [tAontas Eorpach] do tháirgí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhlachais.

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Prótacal 4 chun stádas tionscnaimh na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 a shainmhíniú, lena n-áirítear maidir le cruthúnas tionscnaimh.

3. Is iad údaráis chustaim Bhallstáit an [Aontais] agus Ríocht Mharacó a bheidh freagrach as a áirithiú go gcuirfear Prótacal 4 i bhfeidhm maidir leis na táirgí sin."

Athdhearbhaíonn [an tAontas] agus Ríocht Mharacó a dtiomantas na Prótacail a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na forálacha den Chomhaontú Comhlachais a bhaineann le hurraim do shaoirsí bunúsacha agus do chearta an duine.

Tá cur isteach an dearbhaithe chomhpháirtigh sin bunaithe ar an gcomhpháirtíocht phribhléideach sheanbhunaithe idir an [tAontas] agus Ríocht Mharacó, mar a chumhdaítear go háirithe san ardstádas a dheonaítear do Mharacó, agus ar uaillmhian chomhroinnte na bpáirtithe an chomhpháirtíocht sin a dhoimhniú agus a leathnú.

De mheon comhpháirtíochta agus chun a chur ar chumas na bPáirtithe measúnú a dhéanamh ar thionchar an Chomhaontaithe seo, go háirithe a thionchar ar an bhforbairt inbhuanaithe, go mór mór i ndáil leis na sochair a bheidh ann do na daoine lena mbaineann agus le saothrú acmhainní nádúrtha na gcríoch lena mbaineann, tá sé comhaontaithe ag an [Aontas] agus ag Ríocht Mharacó faisnéis a mhalartú faoi chuimsiú an Choiste Comhlachais uair sa bhliain ar a laghad.

Cinnfear na socruithe sonracha don chleachtadh meastóireachta sin ar dháta níos déanaí sula nglacfaidh an Coiste Comhlachais iad 2 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.'

40 An 28 Eanáir 2019, ghlac an Chomhairle an cinneadh atá faoi chonspóid.

41 Foráiltear le haithrisí 3 go 10 den chinneadh atá faoi chonspóid:

‘(3) Ní dhéanann an tAontas dochar do thoradh an phróisis pholaitiúil maidir le stádas deiridh an tSahára Thiar atá ar siúl faoi choimirce na Náisiún Aontaithe, agus d’athdhearbhaigh sé i gcónaí a thiomantas do réiteach na díospóide sa Sahára Thiar, a áirítear faoi láthair ag na Náisiúin Aontaithe ar liosta na gcríoch neamh-fhéinrialaitheach agus atá á riar go príomha ag Ríocht Mharacó. [...]

(4) Ó tháinig an Comhaontú Comhlachais i bhfeidhm, rinneadh táirgí ón Sahára Thiar atá deimhnithe a bheith de thionscnamh Mharacó a allmhairiú isteach san Aontas agus tairbhe á baint acu as na fabhair tharaife a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Chomhaontaithe sin.

(5) Mar sin féin, ina breithiúnas [an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973)], shoiléirigh [an Chúirt] nár chumhdaigh an Comhaontú Comhlachais ach críoch Ríocht Mharacó agus ní críoch an tSahára Thiar, críoch neamh-fhéinrialaitheach.

(6) Ba cheart a áirithiú nach gcuirfear isteach ar na sreabha trádála a forbraíodh thar na mblianta, agus ráthaíochtaí iomchuí á mbunú ag an am céanna chun an dlí idirnáisiúnta a chosaint, lena n-áirítear cearta an duine, agus chun forbairt inbhuanaithe a chosaint sna críocha lena mbaineann. Thug an Chomhairle údarú don Choimisiún, an 29 Bealtaine 2017, tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Mharacó d’fhonn bunús dlí a bhunú, i gcomhréir le breithiúnas [an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973)], chun na fabhair tharaife dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhlachais a dheonú do tháirgí de thionscnamh an tSahára Thiar. Is é comhaontú idir an [tAontas Eorpach] agus Ríocht Mharacó an t-aon bhealach amháin lena áirithiú go mbainfidh allmhairiú táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar tairbhe as tionscnamh fabhrach, toisc gurb iad údaráis Mharacó amháin atá in ann a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha is gá chun fabhair den sórt sin a dheonú.

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ag comhaontú den sórt sin ar fhorbairt inbhuanaithe, go háirithe maidir leis na buntáistí agus na míbhuntáistí do na daoine lena mbaineann a eascraíonn as na fabhair tharaife a thugtar do tháirgí ón Sahára Thiar agus as saothrú acmhainní nádúrtha na gcríoch atá i gceist. [...]

(8) [...] Is léir ón measúnú sin, ar an iomlán, gur mó na buntáistí do gheilleagar an tSahára Thiar a eascraíonn as fabhair tharaife dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhlachais a dheonú do tháirgí de thionscnamh an tSahára Thiar, agus go háirithe seift chumhachtach eacnamaíoch agus, dá bhrí sin, sóisialta ar ionann í agus an deonú sin, ná na míbhuntáistí a luaitear sa phróiseas comhairliúcháin, lena n-áirítear úsáid fhorleathan acmhainní nádúrtha [...]

(9) Measadh go mbeidh tionchar dearfach foriomlán ag leathnú fabhar taraife chuig táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar ar na daoine lena mbaineann. [...]

(10) I bhfianaise na mbreithnithe maidir le toiliú i mbreithiúnas [an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle v Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973)], tá gach beart réasúnach agus féideartha déanta ag an gCoimisiún, i gcomhar leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí [(SEGS)], sa chomhthéacs reatha ionas go mbeidh na daoine lena mbaineann rannpháirteach ar bhealach iomchuí d'fhonn a dtoiliú leis an gcomhaontú a chinntiú. Rinneadh comhairliúcháin fhorleathana agus chuir formhór na ngníomhaithe socheacnamaíocha agus polaitiúla a ghlac páirt sna comhairliúcháin in iúl go raibh siad i bhfabhar na fabhair tharaife sa Chomhaontú Comhlachais a leathnú chuig an Sahára Thiar. Bhraith na daoine a dhiúltaigh don leathnú, go bunúsach, go ndearbhódh comhaontú den sórt sin seasamh Mharacó maidir le críoch an tSahára Thiar. Mar sin féin, ní thugann téacs an Chomhaontaithe le tuiscint go n-aithníonn sé ceannasacht Mharacó ar an Sahára Thiar. Leanfaidh an tAontas freisin de dhlús a chur lena iarrachtaí tacú leis an bpróiseas, arna thionscnamh agus arna shaothrú faoi choimirce na Náisiúin Aontaithe, agus é ag obair i dtreo réiteach síochánta ar an díospóid.'

42 Foráiltear leis an gcéad mhír d'Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid go ndéanfar an comhaontú atá faoi chonspóid a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh. Tháinig an comhaontú sin i bhfeidhm an 19 Iúil 2019 (IO 2019 L 197, lch. 1).

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi achomharc

43 Le hiarratas arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 27 Aibreán 2019, thionscain Front Polisario caingean le haghaidh neamhniú i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid.

44 Leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc, chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní agus chinn sí go gcoinneofaí éifeachtaí an chinnidh sin ar bun ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó, dá ndéanfaí achomharc laistigh den tréimhse sin, go dtí go dtabharfaí breithiúnas na Cúirte Breithiúnais ar an achomharc sin.

45 Ar an gcéad dul síos, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta an dá shaincheist do-ghlacthachta a ardaíodh, mar réamhphointe, i gcoinne na caingne sin ón gComhairle, le tacaíocht ó Phoblacht na Fraince, ón gCoimisiún agus ó Chónaidhm Mharacó um Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe (Comader), lena n-éilítear, ar thaobh amháin, nach raibh sé de chumas ag Front Polisario imeachtaí dlí a thionscnamh os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh agus, ar an taobh eile, nach raibh *locus standi* aige chun imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid, agus dhiúltaigh sé dóibh, faoi seach, i míreanna 79 go 114 agus i míreanna 133 go 238 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

46 Ar an dara dul síos, tar éis di diúltú don chéad fhoras le haghaidh neamhniú ar a bhfuil Front Polisario ag brath mar thaca lena éilimh, lena n-éilítear nach raibh inniúlacht ag an gComhairle an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 251 go 391 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, an tríú foras le haghaidh neamhniú, lena n-éilítear, go bunúsach, gur sháraigh an Chomhairle a hoibleagáid na ceanglais a chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl i leith phrionsabal an fhéinchinntiúcháin agus phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí a chomhlíonadh, mar a leagtar amach i mbreithiúnais an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973), agus an 27 Feabhra 2018, *Western Sahara Campaign UK* (C-266/16, EU:C:2018:118). I mír 391 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, agus an cinneadh atá faoi chonspóid á ghlacadh aici,

nár chuir an Chomhairle san áireamh go leordhóthanach an fhaisnéis ábhartha go léir a bhaineann leis an staid sa Sahára Thiar agus gur mheas sí go mícheart go raibh lánrogha aici cinneadh a dhéanamh an raibh sé riachtanach an ceanglas a chomhlíonadh go raibh ar phobal na críche sin a dtoiliú a chur in iúl do chur i bhfeidhm an chomhaontaithe atá i gceist, mar thríú páirtí sa chomhaontú sin, i gcomhréir leis an léiriú arna ghlacadh ag an gCúirt Bhreithiúnais ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí i gcomhar le prionsabal an fhéinchinntiúcháin.

Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais agus argóintí na bpáirtithe

47 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 15 Feabhra 2022, rinneadh Cásanna C-779/21 P agus C-799/21 P a uamadh chun críocha na gcodanna i scríbhinn agus na gcodanna ó bhéal den nós imeachta agus den bhreithiúnas.

48 Trí chinneadh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 27 Bealtaine 2022, tugadh cead idiragairt a dhéanamh do Ríocht na Spáinne chun tacú le ráiteas faoi na saghsanna ordaithe atá á lorg ag an gCoimisiún i gCás C-779/21 P.

49 Trí chinntí Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 27 Bealtaine 2022, tugadh cead idiragairt a dhéanamh do Ríocht na Spáinne, don Ungáir, do Phoblacht na Portaingéile agus do Phoblacht na Slóvaice chun tacú le ráiteas faoi na saghsanna ordaithe atá á lorg ag an gComhairle i gCás C-799/21 P.

50 Trí chinneadh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 13 Meitheamh 2022, tugadh cead idiragairt a dhéanamh do Ríocht na Beilge freisin chun tacú le ráiteas faoi na saghsanna ordaithe atá á lorg ag an gComhairle i gCás C-799/21 P. Mar sin féin, níor ghlac an Ballstát sin páirt sa chuid i scríbhinn den nós imeachta ar deireadh.

51 Lena achomharc, iarrann an Coimisiún (Cás C-779/21 P) ar an gCúirt:

– an breithiúnas faoi achomharc a chur ar neamhní;

– an chaingean arna tionscnamh ag Front Polisario ag an gcéad chéim a dhíbhe nó, má mheasann an Chúirt nach féidir breithiúnas a thabhairt mar gheall ar staid na n-imeachtaí, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, agus

– a ordú do Front Polisario na costais go léir sa dá shraith imeachtaí a íoc, lena n-áirítear costais an achomharcóra.

52 Lena hachomharc, iarrann an Chomhairle (Cás C-799/21 P) ar an gCúirt:

– an breithiúnas faoi achomharc a chur ar neamhní;

– breithiúnas críochnaitheach a thabhairt ar na saincheisteanna is ábhar dá achomharc agus an chaingean arna tionscnamh ag Front Polisario a dhíbhe;

– a ordú do Front Polisario na costais a bhaineann leis an achomharc seo agus le Cás T-279/19 a íoc, agus

– mar mhalairt air sin, éifeachtaí an chinnidh atá faoi chonspóid a choinneáil go ceann tréimhse 12 mhí ó dháta fógartha an bhreithiúnais atá le tabhairt.

53 Iarrann Front Polisario ar an gCúirt:

– diúltú do na hachomhairc;

– a ordú don Choimisiún na costais go léir arna dtabhú ag Front Polisario sa chás seo a íoc, agus

– a ordú don Chomhairle na costais go léir arna dtabhú ag Front Polisario sa chás seo agus os comhair na Cúirte Céadchéime a íoc.

54 Iarrann Poblacht na Fraince ar an gCúirt:

– an breithiúnas faoi achomharc a chur ar neamhní;

– breithiúnas críochnaitheach a thabhairt ar na saincheisteanna is ábhar de na hachomhairc seo agus an chaingean arna tionscnamh ag Front Polisario a dhíbhe nó, má mheasann an Chúirt nach féidir breithiúnas a thabhairt mar gheall ar staid na n-imeachtaí, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, agus

– mar mhalairt air sin, mar a leagtar amach leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún, éifeachtaí an chinnidh atá faoi chonspóid a choinneáil go ceann tréimhse 18 mí ó dháta fógartha an bhreithiúnais atá le tabhairt.

55 Iarrann Comader ar an gCúirt:

– an breithiúnas faoi achomharc a chur ar neamhní;

– a dhearbhú go bhfuil caingean Front Polisario do-ghlactha nó, ar a laghad, gan bhunús, agus

– a ordú do Front Polisario na costais a íoc.

56 Iarrann Ríocht na Spáinne ar an gCúirt seasamh le hachomharc an Choimisiúin i gCás C-779/21 P agus le hachomharc na Comhairle i gCás C-799/21 P. Áitíonn Ríocht na Beilge, an Ungáir, Poblacht na Portaingéile agus Poblacht na Slóvaice gur cheart don Chúirt seasamh le hachomharc na Comhairle.

Maidir leis na hachomhairc

57 Mar thaca lena n-achomhairc, maíonn an Coimisiún, an t-achomharcóir i gCás C-779/21 P, agus an Chomhairle, an t-achomharcóir i gCás C-799/21 P, faoi seach, cúig agus ceithre shaincheist dlí. Líomhnaíonn na chéad trí shaincheist dlí i gCás C-779/21 P agus an chéad dá saincheist dlí i gCás C-799/21 P earráidí dlí a rinne an Chúirt Ghinearálta maidir le hinghlacthacht na caingne a thug Front Polisario os a comhair, fad is a líomhnaíonn an ceathrú agus an cúigiú saincheist dlí i gCás C-779/21 P agus an tríú agus an ceathrú saincheist dlí i gCás C-799/21 P earráidí dlí a rinne an Chúirt Ghinearálta agus scrúdú á dhéanamh aici ar fhiúntas na caingne sin.

An chéad saincheist dlí i gCás C-779/21 P agus an chéad saincheist dlí i gCás C-799/21 P, lena n-éilítear nach bhfuil aon inniúlacht ag Front Polisario a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla

Argóintí na bpáirtithe

58 Trína gcéad saincheisteanna dlí, líomhnaíonn an Chomhairle agus an Coimisiún go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trína haithint, i míreanna 90 go 114 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh inniúlacht ag Front Polisario a bheith ina pháirtí os comhair chúirteanna an Aontais.

59 Áitíonn an dá institiúid sin, amhail Poblacht na Fraince agus Comader, *inter alia*, go bunúsach, nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach ag Front Polisario faoin dlí idirnáisiúnta ná faoi dhlí an Aontais. Ina theannta sin, ní féidir brath ar phrionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí chun a aithint go bhfuil sé d'acmhainn ag Front Polisario caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta chun ceart féinchinntiúcháin phobal an tSahára Thiar a chosaint, i mbaol aon chaingean arna tabhairt os comhair chúirteanna an Aontais a dhéanamh inghlactha, mar chúirteanna 'intíre', cé go mbaineann caingean den sórt sin le díospóid idirnáisiúnta, a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta agus a thionscnaítear le hábhar dlí idirnáisiúnta, nach féidir a thabhairt os comhair cúirt idirnáisiúnta. Dar leis an gComhairle, ní hionann an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil agus rochtain uilíoch ar chúirteanna an Aontais a thugann neamhaird ar na coinníollacha inghlacthachta a leagtar síos sa cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE.

60 Ina theannta sin, de réir an Choimisiúin, cé gur fíor go nglacann Front Polisario páirt i 'réiteach polaitiúil' ar an gceist maidir le stádas cinntitheach chríoch an tSahára Thiar mar a luaitear i míreanna 91 agus 92 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ba cheart tábhacht Rún 34/37 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, arna lua ag an gCúirt Ghinearálta agus dá dtagraítear i mír 29 den bhreithiúnas seo, a fheiceáil ina cheart. Is fíor go moltar sa rún sin go mbeadh Front Polisario rannpháirteach mar 'ionadaí' phobal an tSahára Thiar sa réiteach polaitiúil ar an gcoinbhleacht a bhaineann leis an gcríoch sin. Mar sin féin, cé nach bhfuil feidhm cheangailteach aige, tharla sé roimh theacht chun cinn cineál éigin ionadaíochta áitiúla ar dhaonra an tSahára Thiar trí thoghcháin trí vótáil chomhchoiteann dhíreach. Níor thug an tAontas Eorpach aitheantas riamh do Front Polisario seachas mar cheann de na 'páirtithe' i bpróiseas síochána a reáchtáladh ar leibhéal na Náisiún Aontaithe agus tá éiginnteacht fós ann maidir le cion beacht phobal an tSahára Thiar a mheasann go dtí seo go bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu.

61 Measann an Chomhairle go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí léiriú leathan a ghlacadh ar choincheap an 'duine dlítheanach' de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, nach gcuireann san áireamh teorainneacha ról agus ionadaíochas Front Polisario faoin dlí idirnáisiúnta, agus trí dhiúltú, i mír 103 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, d'argóintí na Comhairle ina leith sin. Chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart go raibh údar le hionadaíocht Front Polisario i gcomhthéacs phróiseas réitigh pholaitiúil na díospóide ar leibhéal na Náisiún Aontaithe stádas 'duine dlítheanach' a thabhairt dó, ionas go mbeadh sé in ann agóid a dhéanamh i gcoinne bailíocht cinnidh maidir le comhaontú a thabhairt i gcrích nach ndéanann difear do réiteach na díospóide sin. Tá ról Front Polisario ar an leibhéal idirnáisiúnta teoranta dá chumas páirt a ghlacadh, mar ionadaí ar phobal an tSahára Thiar, sna caibidlíochtaí a rinneadh faoi choimirce na Náisiún Aontaithe maidir le stádas cinntitheach an tSahára Thiar i gcomhréir le Rún 34/37 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, dá dtagraítear i mír 29 den bhreithiúnas seo. Cé go n-aithníonn institiúidí an Aontais go bhfuil díospóid ann atá ina hábhar

caibidlíochta laistigh de na Náisiúin Aontaithe, ní chiallaíonn sé sin ar bhealach ar bith go n-aithníonn an tAontas Eorpach ná a institiúidí Front Polisario mar a n-idirghabhálaí, ós rud é nach bhfuil an tAontas Eorpach ina pháirtí sna caibidlíochtaí sin.

62 Diúltaíonn Front Polisario don argóint sin.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

63 Mar a chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl, go bunúsach, i míreanna 82 agus 83 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, de réir an cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE, cé go bhféadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa chéad mhír agus sa dara mír den Airteagal sin, imeachtaí a thionscnamh in aghaidh gníomhartha a díríodh chuig an duine sin nó gníomhartha is dá chúram go díreach agus go leithleach, agus in aghaidh gníomhartha rialúcháin is dá chúram go díreach agus nach bhfuil bearta cur chun feidhme ag gabháil leis, tá aitheantas tugtha ag an gCúirt cheana féin áfach don inniúlacht atá ag eintitis imeachtaí dlí a thionscnamh os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh beag beann ar a gcorprú mar dhuine dlítheanach faoin dlí náisiúnta.

64 Mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i mír 84 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ba é sin an cás, go háirithe, i gcás, ar an gcéad dul síos, ina raibh ionadaíocht leordhóthanach ag an eintiteas atá i gceist maidir leis na daoine ar mhaígh sé go raibh a gcearta á gcosaint aige faoi dhlí an Aontais agus maidir leis an neamhspleáchas agus an fhreagracht is gá chun gníomhú i gcomhthéacs caidrimh dhlíthiúla arna gcinneadh leis an dlí sin agus, ar an dara dul síos, inar aithin na hinstitiúidí é mar idirghabhálaí le linn na caibidlíochta a bhaineann leis na cearta sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 8 Deireadh Fómhair 1974, *Union syndicale – Service public européen agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, 175/73, EU:C:1974:95, míreanna 9 go 17, agus an 8 Deireadh Fómhair 1974, *Syndicat général du personnel des organismes européens* v *an Coimisiún*, 18/74, EU:C:1974:96, míreanna 5 go 13).

65 B'amhlaidh an cás freisin, mar a thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara i mír 85 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nuair a chaith institiúidí an Aontais leis an eintiteas sin mar ábhar ar leithligh lena chearta agus lena oibleagáidí féin. Ceanglaítear le comhleanúnachas agus le ceartas aitheantas a thabhairt d'inniúlacht eintitis den sórt sin a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla chun agóid a dhéanamh i gcoinne bearta lena gcuirtear srianta ar a chearta nó cinntí díobhálacha a dhéanann na hinstitiúidí ina choinne (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Deireadh Fómhair 1982, *Groupement des Agences de voyages* v *an Coimisiún*, 135/81, EU:C:1982:371, míreanna 9 go 11; an 18 Eanáir 2007, *PKK agus KNK* v *an Chomhairle*, C-229/05 P, EU:C:2007:32, míreanna 107 go 112, agus an 15 Meitheamh 2017, *Al-Faqih agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-19/16 P, EU:C:2017:466, mír 40).

66 Chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl i gceart freisin, i mír 86 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go leanann sé ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais nach féidir an coincheap 'duine dlítheanach', de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, a léiriú go sriantach [féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Veiniséala* v *an Chomhairle (Tionchar ar thríú Stát)*, C-872/19 P, EU:C:2021:507, mír 44].

67 Sa chás seo, ní mór a thabhairt faoi deara, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 82 dá Tuairim, gur gluaiseacht shaortha fhéinfhógartha é Front Polisario a cruthaíodh d'fhonn troid ar son cineál áirithe samhla de rialachas amach anseo ar chríoch neamh-fhéinrialaitheach an tSahára Thiar, eadhon neamhspleáchas na críche sin, arna rialú ag Ríocht Mharacó faoi láthair,

agus Stát ceannasach Sachrámhach a chruthú. Dá bhrí sin, féachann an ghluaiseacht sin le Stát neamhspleách a bhunú, i gcomhthéacs feidhmiú cheart féinchinntiúcháin phobal chríoch neamh-fhéinrialaitheach an tSahára Thiar.

68 A mhéid a fhéachann an ghluaiseacht sin go sonrach, ar bhonn cheart féinchinntiúcháin phobal an tSahára Thiar, le dlíchóras Stáit a bhunú don chríoch sin, ní féidir a cheangal, d'fhonn a aithint go bhfuil sé d'acmhainn aici a bheith ina páirtí in imeachtaí dlíthiúla os comhair chúirteanna an Aontais, go mbeadh sí comhdhéanta mar dhuine dlítheanach i gcomhréir le dlíchóras náisiúnta ar leith.

69 Ina theannta sin, tá Front Polisario ar cheann de na hidirghabhálaithe dlisteanacha sa phróiseas a seoladh, d'fhonn todhchaí an tSahára Thiar a chinneadh, faoi choimirce Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, dá dtagraítear i mír 31 den bhreithiúnas seo agus a bhfuil a chinntí ina gceangal ar na Ballstáit go léir agus ar institiúidí an Aontais, in ainneoin nár dheonaigh na Náisiúin Aontaithe ná an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit stádas 'gluaiseacht náisiúnta um shaoradh' dó riamh.

70 Dá bhrí sin, le Front Polisario, a ghlacann páirt freisin i bhfóraim idirnáisiúnta éagsúla, go háirithe san Afraic, agus a bhfuil caidrimh dhlíthiúla dhéthaobhacha aige ar an leibhéal idirnáisiúnta, is leor an saol dlíthiúil atá aige chun bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla os comhair chúirteanna an Aontais Eorpaigh.

71 Maidir leis an gceist an bhféadfadh an t-eintiteas sin ionadaíocht dhlisteanach a dhéanamh ar leasanna phobal an tSahára Thiar, baineann an cheist sin lena *locus standi* i gcomhthéacs caingean le haghaidh neamhniú arna tionscnamh i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid, agus ní lena chumas a bheith ina pháirtí os comhair chúirteanna an Aontais.

72 Ar deireadh, níl éifeacht leis an argóint a bhaineann le mainneachtain pearsantacht dhlítheanach Front Polisario a aithint i gcórais dlí na mBallstát nó leis an bhfíoras nár aithin cúirt de Bhallstát ar bith a cumas a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlí. Mar a thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara i mír 83 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, cé go dtugtar le tuiscint leis an gcoincheap 'duine dlítheanach' sa cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, i bprionsabal, gurb ann do phearsantacht dhlítheanach, nach mór a fhíorú i bhfianaise an dlí náisiúnta faoinar bunaíodh an duine dlítheanach lena mbaineann, ní gá go mbeadh sé ag teacht leis na cinn a bhaineann go sonrach le córais dlí éagsúla na mBallstát. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, i ndáil leis sin, gur aithin an Chúirt nach mór tríú Stát, mar Stát a bhfuil pearsantacht dhlítheanach idirnáisiúnta aige, a mheas mar 'dhuine dlítheanach' de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE [féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Veiniséala* v *an Chomhairle (Tionchar ar thríú Stát)*, C-872/19 P, EU:C:2021:507, mír 53].

73 I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, bhí an Chúirt Ghinearálta i dteideal teacht ar an gconclúid, gan aon earráid dlí a dhéanamh, go raibh sé de chumas ag Front Polisario imeachtaí dlí a thabhairt os comhair chúirteanna an Aontais, de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE.

74 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí i gCás C-779/21 P agus don chéad saincheist dlí i gCás C-799/21 P toisc iad a bheith gan bhunús.

An dara saincheist dlí agus an tríú saincheist dlí i gCás C-779/21 P agus an dara saincheist dlí i gCás C-799/21 P, lena n-éilítear nach mbaineann an cinneadh atá faoi chonspóid go díreach agus go leithleach le Front Polisario

75 Maíonn an Coimisiún, leis an dara agus an tríú saincheist dlí i gCás C-779/21 P, agus an Chomhairle, leis an gcéad chuid agus leis an dara cuid den dara saincheist dlí i gCás C-799/21 P, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a chinn sí, i mír 224 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh baint dhíreach ag Front Polisario leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, agus, i mír 238 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh baint ar leith aige leis an gcinneadh sin, de réir bhrí na forála sin.

An dara saincheist dlí i gCás C-779/21 P agus an chéad chuid den dara saincheist dlí i gCás C-799/21 P, lena n-éilítear nach bhfuil baint dhíreach ag Front Polisario leis an gcinneadh atá faoi chonspóid

– *Argóintí na bpáirtithe*

76 Áitíonn an Chomhairle agus an Coimisiún go raibh an Chúirt Ghinearálta mícheart a chinneadh, i mír 224 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh baint dhíreach ag Front Polisario leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

77 Áitíonn an Coimisiún, go háirithe, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta dlí an Aontais trína chinneadh gur chomhlíon éifeachtaí áirithe an chinnidh atá faoi chonspóid agus an chomhaontaithe atá faoi chonspóid na coinníollacha faoinar cinneadh go raibh baint dhíreach ag Front Polisario leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, cé go bhfuil an comhaontú atá faoi chonspóid, a raibh sé i gceist leis an gcinneadh sin a fhormheas thar ceann an Aontais, teoranta, trí leasú a dhéanamh ar na rialacha tionscnaimh, do rochtain fhabhrach a thabhairt san Aontas ar tháirgí áirithe de thionscnamh an tSahára Thiar, agus fós a bheith cúramach stádas ar leithligh na críche sin a aithint agus toradh an phróisis a cuireadh i gcrích ar leibhéal na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcríoch neamh-fhéinrialaitheach sin a fhágáil ar oscailt go hiomlán. Measann an institiúid sin, dá bhrí sin, gurb iad na hallmhaireoirí a fhéadfaidh, más iomchuí, brath ar na 'cearta' a thugtar leis an gcomhaontú sin agus agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí ó na húdaráis chustaim é a chur chun feidhme os comhair chúirteanna na mBallstát, i gcás ina sáraítear iad. Mar riail ghinearálta, ba cheart na dearbhóirí custaim a bheith bunaithe san Aontas. Is fíor go bhféadfadh táirgeoirí sa tríú tír a chumhdaítear leis an gcomhaontú sin tairbhe a bhaint as oscailt níos leithne an mhargaidh Eorpaigh, ach bheadh buntáiste den sórt sin ina éifeacht 'eacnamaíoch' den chomhaontú atá faoi chonspóid. Dá bhrí sin, ní de chineál dlíthiúil iad na héifeachtaí 'lasmuigh den Aontas' agus ní rialaítear iad le dlí an Aontais ach an oiread.

78 Go deimhin, níl sé i gceist le réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta diúltú d'argóintí na n-institiúidí a shuíomh go bhfuil baint dhíreach ag Front Polisario leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, ach go bhfuil feidhm ag an gcomhaontú atá faoi chonspóid maidir le críoch an tSahára Thiar agus, dá bhrí sin, go ndéanann sé difear do phobal na críche sin. Ós rud é go n-iarrtar ar údaráis chustaim Mharacó páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme an chomhaontaithe atá faoi chonspóid maidir le deimhnithe tionscnaimh a eisiúint nó nach mór d'onnmhaireoirí coinníollacha áirithe a chomhlíonadh chun ligean d'allmhaireoirí tairbhe a bhaint as taraifí fabhracha nó nach bhfuil tionchar ag an gcomhaontú sin ar tháirgí an tSahára Thiar ar bealach ar bith, ní thugtar le tuiscint go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gcomhaontú sin i dtríú críoch.

79 Cuireann an Chomhairle in iúl freisin, *inter alia*, go bhfuil an chonclúid, i mír 171 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach féidir, i bhfianaise chineál an chinnidh maidir le comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích agus a éifeachtaí dlíthiúla féin, éifeachtaí díreacha an chinnidh atá i gceist maidir le staid dhlíthiúil Front Polisario, mar gheall ar ábhar an chomhaontaithe atá i gceist, a dhiúltú ón tús bunaithe ar fhorais atá curtha ó bhail ag earráidí dlí.

80 Chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart, i míreanna 150 agus 162 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur comhghné den chomhaontú sin é cinneadh maidir le comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích agus go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige i leith na bpáirtithe eile ‘a mhéid a chuireann sé ar bhonn foirmiúil glacadh an Aontais leis na gealltanais ina leith’. Níl éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh atá faoi chonspóid lasmuigh de dhlíchóras inmheánach an Aontais. Leis an mbreithiúnas sin, léiríonn an tAontas a thoiliú i ndlíchóras inmheánach an Aontais, contrártha leis an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i mír 162 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

81 Ba é an gníomh fógartha ón Aontas, a luaitear go sainráite sa mhír dheiridh den chomhaontú atá faoi chonspóid agus in Airteagal 2 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur cheart do Front Polisario agóid a dhéanamh os comhair na Cúirte Ginearálta – ag glacadh leis gur comhlíonadh na coinníollacha inghlacthachta go léir. Cuireann an Chomhairle i gcoinne chomhlíonadh na gcoinníollacha sin sa chás seo.

82 Cuireann an Chomhairle i gcoinne chinneadh na Cúirte Ginearálta freisin, i mír 215 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhfuil éifeachtaí díreacha ag an gcinneadh atá faoi chonspóid ar staid dhlíthiúil Front Polisario mar ionadaí an phobail sin, a mhéid a dhéanann tabhairt i gcrích an chomhaontaithe atá faoi chonspóid difear do phobal an tSahára Thiar agus nach mór dó a dtoiliú a fháil.

83 Measann Poblacht na Fraince go ndearna an Chúirt Ghinearálta an chéad sraith earráidí dlí maidir le héifeachtaí dlíthiúla cinnidh ón gComhairle lenar tugadh comhaontú idirnáisiúnta i gcrích. Cuireann sí in iúl, cosúil leis an gComhairle, cé go bhfuil an chonclúid, i mír 150 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go léirítear go nithiúil le cinneadh maidir le comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gcomhaontú sin, i gceart, ní léirítear mar sin féin, ar an leibhéal idirnáisiúnta, ach an fógra faoi thabhairt chun críche nósanna imeachta inmheánacha an pháirtí lena mbaineann, an toiliú a bheith faoi cheangal ag comhaontú. Thairis sin, rinne an Chúirt Ghinearálta an dara sraith earráidí dlí agus í ag maíomh go n-athraítear staid dhlíthiúil Front Polisario go díreach leis an gcomhaontú atá faoi chonspóid é féin.

84 Ar an gcaoi chéanna, tacaíonn Comader, ar an gcéad dul síos, le hargóintí na Comhairle maidir leis na hearráidí dlí a líomhnaítear a rinne an Chúirt Ghinearálta i míreanna 149 go 159 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ós rud é nach dtugann an cinneadh chun conradh a thabhairt i gcrích le tuiscint go dtiocfaidh an conradh sin i bhfeidhm. Thairis sin, níl sé i gceist le prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí cearta gníomhaíochta iarratasóra neamh-Eorpaigh a leathnú chun cearta comhchoiteanna faoin dlí idirnáisiúnta a chosaint. Ar an dara dul síos, trína chinneadh, i mír 215 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh baint ‘dhíreach’ ag Front Polisario leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, rinne an Chúirt Ghinearálta Front Polisario a mheascadh le pobal an tSahára Thiar.

85 Diúltaíonn Front Polisario don argóint sin.

– *Measúnú na Cúirte Breithiúnais*

86 Mar a cuireadh in iúl i mír 63 den bhreithiúnas seo, de réir an cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE, féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa chéad mhír agus sa dara mír den Airteagal sin, imeachtaí a thionscnamh in aghaidh gníomhartha a díríodh chuig an duine sin nó gníomhartha is dá chúram go díreach agus go leithleach, agus in aghaidh gníomhartha rialúcháin is dá chúram go díreach agus nach bhfuil bearta cur chun feidhme ag gabháil leo.

87 Mar a thugann an Chúirt Ghinearálta faoi deara i mír 144 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, de réir an chásdlí shocair, ar choinníoll nach mór baint dhíreach a bheith ag duine nádúrtha nó dlítheanach leis an gcinneadh is ábhar dá chaingean, ní mór dhá choinníoll charnacha a chomhlíonadh, eadhon, ar thaobh amháin, nach mór don bheart atá faoi chonspóid difear díreach a dhéanamh do staid dhlíthiúil an duine sin agus, ar an taobh eile, nach mór dó aon lánrogha a fhágáil dóibh siúd atá freagrach as a chur chun feidhme, eadhon, an cur chun feidhme sin a bheith uathoibríoch amháin ar bhonn rialacha an Aontais astu féin, gan rialacha idirmheánacha eile a chur i bhfeidhm (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Samhain 2018, *Scuola Elementare Maria Montessori* v *an Coimisiún, an Coimisiún* v *Scuola Elementare Maria Montessori agus an Coimisiún* v *Ferracci*, C-622/16 P go C-624/16 P, EU:C:2018:873, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 12 Iúil 2022, *Nord Stream 2* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-348/20 P, EU:C:2022:548, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

88 Sa chás seo, trína chaingean le haghaidh neamhniú os comhair na Cúirte Ginearálta, d'iarr Front Polisario cosaint do cheart féinchinntiúcháin phobal an tSahára Thiar, a d'aithin an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin i míreanna 88, 91 agus 105 de bhreithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973). Is i bhfianaise éifeachtaí an chinnidh atá faoi chonspóid agus, dá bhrí sin, an chomhaontaithe atá faoi chonspóid maidir le staid dhlíthiúil an phobail sin, arna ionadú ag Front Polisario chun críocha na gcásanna seo, gur gá scrúdú a dhéanamh an bhfuil baint dhíreach ag an gcinneadh sin le Front Polisario, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo.

89 Cé nach n-aithnítear go hoifigiúil é mar ionadaí aonair phobal an tSahára Thiar, is idirghabhálaí pribhléideach é Front Polisario sa phróiseas a dhéantar faoi choimirce na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir le na rúin is airde de chuid na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear rúin Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe dá dtagraítear i mír 31 den bhreithiúnas seo, chun stádas an tSahára Thiar amach anseo a chinneadh. Glacann sé páirt freisin i bhfóraim idirnáisiúnta eile chun ceart féinchinntiúcháin an phobail sin a chosaint.

90 Ceadaítear leis na himthosca áirithe sin a mheas go bhféadfaidh Front Polisario agóid a dhéanamh os comhair chúirteanna an Aontais Eorpaigh i gcoinne dlíthiúlacht gnímh de chuid an Aontais a dhéanann difear díreach do staid dhlíthiúil phobal an tSahára Thiar ina gcáil mar shealbhóir an chirt féinchinntiúcháin i gcás ina mbaineann an gníomh sin go leithleach leis an bpobal sin nó, i gcás gníomh rialála, nach bhfuil bearta cur chun feidhme i gceist leis.

91 In imthosca den sórt sin, ní mór measúnú a dhéanamh ar an gcoinníoll, dá bhforáiltear leis an gceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, nach mór baint dhíreach a bheith ag duine nádúrtha nó dlítheanach leis an gcinneadh is ábhar dá chaingean, agus Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe agus prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí á chur san áireamh, maidir le staid dhlíthiúil phobal an tSahára Thiar, a ndéanann Front Polisario ionadaíocht orthu chun críocha na gcásanna seo.

92 Sa chás seo, comhlíonann an cinneadh atá faoi chonspóid agus, dá réir sin, an comhaontú atá faoi chonspóid, de réir a dtionchair ar cheart phobal an tSahára Thiar chun féinchinntiúcháin, na coinníollacha a leagtar amach i mír 87 den bhreithiúnas seo (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario*, C-104/16 P, EU:C:2016:973, mír 106).

93 Ar an gcéad dul síos, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 75 dá Tuairim, is é cuspóir an chinnidh sin comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích a bhforáiltear dá chur i bhfeidhm sa chuid is mó de chríoch a bhfuil sé de cheart ag pobal an tSahára Thiar féinchinntiúchán a dhéanamh ina leith. Dá bhrí sin, is gá go ndéanfadh sé difear do chearta an phobail sin i ndáil leis an gcríoch sin, lena n-áirítear an ceart chun a rachmas nádúrtha a shaothrú faoi Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe agus prionsabal an ghnáthdhlí idirnáisiúnta maidir le buancheannasacht ar acmhainní nádúrtha [féach, chuige sin, CBI, cás na nGníomhaíochtaí Armtha ar chríoch an Chongó (Poblacht Dhaonlathach an Chongó v. Uganda), breithiúnas an 19 Nollaig 2005, ECR 2005, lch. 168, mír 244].

94 Go háirithe, cé nach n-aithníonn an tAontas, leis an gcomhaontú atá i gceist, éilimh Ríocht Mharacó maidir le ceannasacht ar chríoch an tSahára Thiar, aithnítear sa chomhaontú sin, mar sin féin, éifeachtaí dlíthiúla, faoi dhlí an Aontais, gníomhartha arna ndéanamh sa chríoch neamh-fhéinrialaitheach sin ag údaráis inniúla Ríocht Mharacó, go háirithe na húdaráis chustaim, amhail iad siúd a bhaineann le deimhnithe tionscnaimh a dheonú do tháirgí de thionscnamh an tSahára Thiar.

95 I ndáil leis sin, ní mór diúltú d'argóint an Choimisiúin nach bhfuil 'cur i bhfeidhm an chomhaontaithe atá faoi chonspóid maidir le críoch an tSahára Thiar' i gceist, mar ábhar dlí, leis an bhfíoras go bhfuil tionchar ag an gcomhaontú atá faoi chonspóid ar tháirgí de thionscnamh an tSahára Thiar. Le cur chun feidhme an chomhaontaithe sin, glactar leis go mbeidh údaráis Mharacó i láthair i gcríoch an tSahára Thiar agus go bhfeidhmeoidh na húdaráis sin feidhmeanna riaracháin sa chríoch sin, d'fhonn gníomhartha áirithe dá bhforáiltear sa chomhaontú sin a ghlacadh. Dá bhrí sin, trí aitheantas a thabhairt do ghníomhartha den sórt sin de chuid údaráis Mharacó mar ghníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu i ndlí an Aontais, déanann an cinneadh atá faoi chonspóid difear díreach do staid dhlíthiúil phobal an tSahára Thiar ina gcáil mar shealbhóir an chirt féinchinntiúcháin, beag beann ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil, faoin dlí idirnáisiúnta, an comhaontú atá faoi chonspóid infhorfheidhmithe i gcoinne an phobail sin, ag féachaint do phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí.

96 Ar an dara dul síos, tar éis theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe atá faoi chonspóid, tá an oibleagáid cóir fhabhrach a dheonú do tháirgí de thionscnamh an tSahára Thiar agus atá deimhnithe amhlaidh ag údaráis chustaim Mharacó ina ceangal ar an Aontas, gan aon ghá a bheith ann aon ghníomh breise a ghlacadh maidir leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, rud a thabharfadh le tuiscint go mbeadh lánrogha ag na húdaráis atá freagrach as an gcomhaontú sin a chur chun feidhme, toisc go bhfuil an cinneadh sin, sa mhéid sin, go hiomlán uathoibríoch.

97 Sa chomhthéacs sin, ní mór diúltú d'argóint na Comhairle agus Phoblacht na Fraince, atá dírithe i gcoinne mhíreanna 150 agus 162 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár cheart caingean Front Polisario os comhair na Cúirte Ginearálta a bheith dírithe i gcoinne an chinnidh maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe atá faoi chonspóid, ach i gcoinne an ghnímh lena dtugann an tAontas fógra do Ríocht Mharacó go bhfuil an comhaontú sin formheasta aige.

98 Is gníomh cinntitheach i ndlíchóras inmheánach an Aontais é an cinneadh maidir le comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích, lena gcuirtear in iúl rún an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gcomhaontú sin [féach, chuige sin, tuairim 2/00 (*Prótacal Cartagena ar an mBithsháibháilteacht*), an 6 Nollaig 2001, EU:C:2001:664, mír 5]. De réir cásdlí socair dá dtagraítear i mír 135 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, is gníomh ar féidir agóid a dhéanamh ina choinne é an cinneadh sin, toisc nach bhfuil dlínse ag an gCúirt comhaontú idirnáisiúnta a neamhniú (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Western Sahara Campaign UK*, C-266/16, EU:C:2018:118, míreanna 45 go 51). Os a choinne sin, is ionann fógra a thabhairt don pháirtí conarthach eile maidir le comhaontú den sórt sin a fhormheas agus beart cur chun feidhme nach mór, i bprionsabal, a mheas mar ghníomh nach féidir agóid a dhéanamh ina choinne.

99 I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, bhí sé de cheart ag an gCúirt Ghinearálta a chinneadh, i mír 224 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh baint dhíreach ag Front Polisario leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

100 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don dara saincheist dlí i gCás C-779/21 P agus don chéad chuid den dara saincheist dlí i gCás C-799/21 P toisc iad a bheith gan bhunús.

An tríú saincheist dlí i gCás C-779/21 P agus an dara cuid den dara saincheist dlí i gCás C-799/21 P, lena n-éilítear nach bhfuil baint ar leith ag Front Polisario leis an gcinneadh atá faoi chonspóid

– *Argóintí na bpáirtithe*

101 Measann an Chomhairle agus an Coimisiún, chomh maith le Poblacht na Fraince agus an Comader, go raibh an Chúirt Ghinearálta mícheart a chinneadh, i mír 238 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh baint ar leith ag Front Polisario leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

102 Tugann an Coimisiún faoi deara, go háirithe, i mír 230 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach dtagraíonn an Chúirt Ghinearálta ach do na hargóintí a bhaineann leis an gcoinníoll maidir le baint dhíreach a bheith ag Front Polisario leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, atá, mar a mhaígh sé i gcomhthéacs an dara saincheist dlí i gCás C-779/21 P, curtha ó bhail ag earráidí dlí. Ar an gcaoi chéanna, áitíonn an Chomhairle go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráidí dlí lena gcuirtear ó bhail freisin an chonclúid go mbaineann an cinneadh atá faoi chonspóid go leithleach le Front Polisario.

103 Ina theannta sin, déanann an Chomhairle agus an Coimisiún araon agóid i gcoinne dhiúltú na Cúirte Ginearálta, i mír 235 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, d'ábharthacht bhreithiúnas an 10 Aibreán 2003, *an Coimisiún* v *Nederlandse Antillen* (C-142/00 P, EU:C:2003:217), inar chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach leor ann féin an leas ginearálta a d'fhéadfadh a bheith ag tír nó críoch thar lear (PTOM), mar eintiteas atá inniúil ar ábhair eacnamaíocha agus shóisialta ina críoch, chun toradh fabhrach a fháil do rathúnas eacnamaíoch na críche sin, chun a mheas go bhfuil baint ar leith aici leis, de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE.

104 Cuireann an Coimisiún in iúl ina leith sin go bhfuil an difríocht a rinne an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 234 agus 235 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, idir an staid atá i gceist i mbreithiúnas an 10 Aibreán 2003, *an Coimisiún* v *Nederlandse Antillen* (C-142/00 P, EU:C:2003:217) agus an staid atá i gceist sa chás seo saorga agus mícheart sa dlí, toisc nach mbaineann an beart atá faoi chonspóid sa bhreithiúnas sin ach leis na PTOManna, a bhfuil nó a

raibh cuid acu ina gcríocha féinrialaitheacha. Ní féidir glacadh leis nach bhfuil Rialtas Aintillí na hÍsiltíre i dteideal agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh de chuid an Aontais a bhaineann lena chríoch go heacnamaíoch, cé gur mó ráthaíochtaí atá ag Front Polisario ná ag rialtais réigiúnacha, mura meastar gur mó ráthaíochtaí atá ag gluaiseachtaí arb é is aidhm dóibh neamhspleáchas críche a bhaint amach nó atá i gcoinbhleacht le Stát.

105 Measann an Chomhairle nach bhfreagraíonn na saincheisteanna ar a bhfuil an Chúirt Ghinearálta ag brath don argóint a bhain sí as breithiúnas an 10 Aibreán 2003, *an Coimisiún* v *Nederlandse Antillen* (C-142/00 P, EU:C:2003:217), ag meabhrú di gur chuir sí isteach, ina hathfhreagra os comhair na Cúirte Ginearálta, gur lean sí ón mbreithiúnas sin, fiú ag glacadh leis gur eintiteas é Front Polisario atá inniúil ar chúrsaí eacnamaíocha a bhaineann leis an Sahára Thiar, *quod non*, nár leor an stádas sin chun go measfaí go mbaineann an comhaontú atá faoi chonspóid go leithleach leis.

106 Diúltaíonn Front Polisario don argóint sin.

– *Measúnú na Cúirte Breithiúnais*

107 Is cásdlí socair é nach féidir le hábhair seachas iad siúd ar a ndírítear an cinneadh a mhaíomh go bhfuil baint acu go leithleach, de bhua an cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE, ach amháin má dhéanann an beart, a bhfuil neamhniú á lorg ina leith, difear dóibh mar gheall ar airíonna áirithe a bhaineann leo nó mar gheall ar imthosca ina ndéantar iad a idirdhealú ó gach duine eile agus mar gheall air sin, déanann siad idirdhealú eatarthu féin amhail mar a dhéantar i gcás an duine a ndírítear air (breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2018, *Internacional de Productos Metálicos* v *an Coimisiún*, C-145/17 P, EU:C:2018:839, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

108 I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 88 go 92 den bhreithiúnas seo, ní mór a mheas go bhfuil baint ar leith ag pobal an tSahára Thiar, arna ionadú ag Front Polisario sna cásanna seo, leis an gcinneadh atá faoi chonspóid a mhéid a dhéantar críoch an tSahára Thiar a áireamh go sainráite faoi raon feidhme an chomhaontaithe atá faoi chonspóid, lena gceanglaítear ar an Aontas de bhua an chinnidh atá faoi chonspóid, lena n-athraítear staid dhlíthiúil an phobail sin mar gheall ar a stádas mar shealbhóir an chirt féinchinntiúcháin maidir leis an gcríoch sin. Leis an stádas sin, déantar idirdhealú idir é agus aon duine nó eintiteas eile, lena n-áirítear aon duine nó eintiteas eile a rialaítear leis an dlí idirnáisiúnta.

109 Ní mór diúltú d'argóint na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le breithiúnas an 10 Aibreán 2003, *an Coimisiún* v *Nederlandse Antillen* (C-142/00 P, EU:C:2003:217), inar chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach leor ann féin an leas ginearálta a d'fhéadfadh a bheith ag PTOM, mar eintiteas atá inniúil ar ábhair eacnamaíocha agus shóisialta ina chríoch, chun toradh fabhrach a fháil do rathúnas eacnamaíoch na críche sin, chun a mheas go bhfuil baint aici leis, de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 173 CAE (anois an ceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE). Bhunaigh an Chúirt Ghinearálta an measúnú go bhfuil baint ar leith ag Front Polisario leis an gcinneadh atá faoi chonspóid agus, dá réir sin, leis an gcomhaontú atá faoi chonspóid, ní le héifeachtaí eacnamaíocha an chomhaontaithe sin, ach leis an bhfíoras go ndéanann an eagraíocht sin ionadaíocht do phobal an tSahára Thiar mar shealbhóir an chirt féinchinntiúcháin i ndáil leis an gcríoch sin.

110 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don tríú saincheist dlí i gCás C-779/21 P toisc í a bheith gan bhunús. Ar an gcaoi chéanna, ní mór diúltú don dara cuid den dara saincheist dlí i gCás C-799/21 P toisc í a bheith gan bhunús agus, dá réir sin, ní mór diúltú don shaincheist dlí sin ina hiomláine.

An ceathrú saincheist dlí i gCás C-779/21 P agus an ceathrú saincheist dlí i gCás C-799/21 P, lena n-éilítear earráidí dlí maidir le raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus toiliú phobal an tSahára Thiar leis an gcomhaontú atá faoi chonspóid

Argóintí na bpáirtithe

111 Lena gceathrú saincheisteanna dlí faoi seach, áitíonn an Chomhairle agus an Coimisiún go ndearna an Chúirt Ghinearálta sraith earráidí dlí maidir le tuiscint agus cur chun feidhme mícheart an dlí idirnáisiúnta, le méid lánrogha na Comhairle i réimse an chaidrimh sheachtraigh, go háirithe maidir leis an gceanglas toiliú a fháil ó phobal an tSahára Thiar sa chás seo, le sárú an chreidimh mar gheall ar na gníomhartha, le saobhadh argóintí na Comhairle agus sárú ar Airteagal 36 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, arna léamh i gcomhar leis an gcéad mhír d'Airteagal 53 de.

112 Áitíonn an Coimisiún, i míreanna 307 go 392 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur thug an Chúirt Ghinearálta, de shárú ar dhlí an Aontais, éifeacht iomlán agus mhíchuibheasach do phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí, arna léamh i gcomhar leis an gceart chun féinchinntiúcháin, trí mhíthuiscint a bhaint as breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973), agus trí neamhaird a thabhairt ar an gcásdlí maidir le corrlach lánroghnach na Comhairle i réimse an chaidrimh sheachtraigh, go háirithe maidir leis an ngnáthdhlí idirnáisiúnta.

113 De réir an Choimisiúin, tá na hearráidí sin bunaithe ar cheithre phríomhghearán, eadhon, ar an gcéad dul síos, earráidí dlí maidir le raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh, lánrogha na n-institiúidí agus an gá atá le hearráid fhollasach a shuíomh chun a chinneadh go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid neamhbhailí mar gheall ar a neamhréireacht líomhnaithe le rialacha an dlí idirnáisiúnta, ar an dara dul síos, earráidí dlí bunaithe ar easpa, i gcomhthéacs ar leith an cháis, ceanglas maidir le toiliú phobal an tSahára Thiar, ar an tríú dul síos, fiú ag glacadh leis go bhfuil gá le toiliú phobal an tSahára Thiar chun bailíocht an chinnidh atá faoi chonspóid a dheimhniú, earráidí dlí a mhéid atá coincheap an 'toilithe' arna ghlacadh ag an gCúirt Ghinearálta ródhian, agus, ar an gceathrú dul síos, earráidí dlí bunaithe ar shainaithint Front Polisario mar an t-eintiteas a mbeadh air toiliú den sórt sin a chur in iúl ina leith, i bhfianaise a stádais agus a ionadaíochta teoranta. Áitíonn an Coimisiún, i gcomhthéacs na gceithre ghearán sin, nár chinn an Chúirt Ghinearálta an gnáthdhlí idirnáisiúnta i gceart, cé gur ceanglaíodh uirthi é sin a dhéanamh sa chás seo.

114 Tugann an Coimisiún faoi deara gurb é atá i gceist le haon chinneadh lena dtugtar comhaontú le tríú tír i gcrích ná measúnú a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabail agus cuspóirí na gníomhaíochta seachtraí a leagtar amach in Airteagal 21 CAE, ar leasanna an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs an chaidrimh leis an tríú tír lena mbaineann agus na leasanna éagsúla a chumhdaítear leis an gcaidreamh sin a thabhairt chun réitigh. Tá lánrogha leathan ag an gComhairle chun cothromaíocht a bhaint amach idir an cuspóir maidir le huilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine a chur chun cinn agus na cuspóirí eile ar a bhfuil gníomhaíocht an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta bunaithe agus leasanna eile an Aontais. Ní mór athbhreithniú breithiúnach ina leith sin a theorannú don cheist an ndearna institiúidí an Aontais, agus an gníomh atá i gceist á ghlacadh acu, earráidí follasacha measúnaithe maidir leis na coinníollacha chun na prionsabail sin a chur i bhfeidhm.

115 Mar sin féin, chuir an Chúirt Ghinearálta lánrogha na Comhairle ar neamhní trí luach iomlán a dheonú do choinníoll thoiliú sainráite Front Polisario, nár bunaíodh a bhunús sa dlí idirnáisiúnta poiblí. Thug sí neamhaird ar raon feidhme agus ar éagsúlacht na gcuspóirí atá le cur san áireamh ag an gComhairle i gcomhthéacs Airteagal 21 CAE, trí thagairt a dhéanamh, i míreanna 277 agus 278 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, do mhír 1 den Airteagal sin amháin agus ní do mhír 2 den Airteagal sin. Agus an méid sin á dhéanamh aici, sháraigh an Chúirt Ghinearálta raon feidhme a hathbhreithnithe bhreithiúnaigh.

116 Maidir leis sin, bhain an Chúirt Ghinearálta míbhrí as na tátail atá le baint as breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973). Ní féidir a thuiscint ó cheart féinchinntiúcháin an tSahára Thiar, arna dhearbhú sa bhreithiúnas sin, nach mór toiliú sainráite phobal na críche sin a bheith ann trí Front Polisario amháin chun go mbeidh comhaontú idirnáisiúnta ann lena ndeonófar fabhair tharaife do tháirgí de thionscnamh na críche sin, arna thabhairt i gcrích ag an Aontas le Stát atá ag gníomhú ar an gcríoch sin mar chumhacht riaracháin agus a bhfuil an inniúlacht aige déanamh amhlaidh, chun críoch den sórt sin a chumhdach.

117 Ba cheart a chur san áireamh i gcoincheap an ‘duine’ agus i gcoincheap an ‘toilithe’ sa chás seo an comhthéacs dlíthiúil agus fíorasach a bhaineann le glacadh an chinnidh atá faoi chonspóid agus le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe atá faoi chonspóid, as a leanann sé go bhfuil an réiteach a glacadh ar deireadh comhsheasmhach le rialacha infheidhme go léir an dlí idirnáisiúnta, go háirithe Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe chun rathúnas áitritheoirí na gcríoch neamh-fhéinrialaitheach a chur chun cinn, agus Airteagal 21(2)(d) agus (e) CAE. Cé go ndeimhnítear le míreanna 311 agus 312 den bhreithiúnas atá faoi achomharc go bhfuil an dlí is infheidhme maidir le críocha neamh-fhéinrialaitheacha fós neamhchinntithe go dtí seo ar bhealaí áirithe, áitíonn an Coimisiún, i míreanna 313 go 390 den bhreithiúnas sin, go ndearna an Chúirt Ghinearálta sraith earráidí ina dhiaidh sin, a bhfuil achoimre orthu i míreanna 112, 113, 115 agus 116 den bhreithiúnas seo.

118 Áitíonn an Chomhairle, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i mír 391 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go rabhthas in ann, leis na comhairliúcháin a rinne údaráis Mharacó, ar thaobh amháin, agus an Coimisiún agus SEGS, ar an taobh eile, toiliú a fháil ó phobal an tSahára Thiar. Measann sí go bhfuil earráidí dlí ag baint leis an mír sin, agus le míreanna 307 go 390 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, lena dtacaítear leis an gconclúid a leagtar amach i mír 391 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, toisc gur bhain an Chúirt Ghinearálta míthuiscint as ábhar an choincheapa ‘toiliú’ daoine de chríoch neamh-fhéinrialaitheach, nó fiú as an ngá atá leis an toiliú sin a fháil, agus, thairis sin, gur sháraigh sí an creideamh a bhí mar thoradh ar phléadálacha i scríbhinn na Comhairle nó gur shaobh sí na hargóintí a chuir sí ar aghaidh. Sháraigh an Chúirt Ghinearálta a hoibleagáid cúiseanna a lua freisin.

119 Áitíonn Front Polisario gur cheart diúltú do na saincheisteanna dlí sin.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

– *Barúlacha tosaigh*

120 Mar is léir ó mhír 251 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, d'áitigh Front Polisario, i gcomhthéacs an tríú saincheist dlí ina chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta, gur mhainnigh an Chomhairle, trí chomhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích le Ríocht Mharacó a bhí infheidhme go sainráite maidir le críoch an tSahára Thiar gan a toiliú, an oibleagáid breithiúnais na Cúirte Breithiúnais faoi Airteagal 266 CFAE a chomhlíonadh. Chinn an Chúirt go raibh cuimsiú intuigthe na críche sin laistigh de raon feidhme na gcomhaontuithe a tugadh i gcrích idir an tAontas agus Ríocht Mharacó dodhéanta ó thaobh an dlí de, i gcomhréir le prionsabal an fhéinchinntiúcháin agus le prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí. Dá bhrí sin, *a fortiori*, cuireadh cosc ar chomhaontuithe den sórt sin a chur i bhfeidhm go sainráite ar an gcríoch sin. Mhaígh Front Polisario, go háirithe, go raibh tabhairt i gcrích an chomhaontaithe atá i gceist contrártha leis an gcásdlí sa mhéid nár urramaíodh leis stádas leithleach agus sainiúil an tSahára Thiar agus an ceanglas maidir le toiliú phobal na críche sin.

121 Mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i mír 298 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, b'ionann an foras achomhairc sin, go bunúsach, agus trí chuid, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, go raibh sé dodhéanta don Aontas agus do Ríocht Mharacó comhaontú is infheidhme maidir leis an Sahára Thiar a thabhairt i gcrích, ar an dara dul síos, sárú ar stádas leithleach sainiúil na críche sin, de shárú ar phrionsabal an fhéinchinntiúcháin, agus, ar an tríú dul síos, sárú ar an gceanglas maidir le toiliú phobal na críche sin, mar thríú páirtí sa chomhaontú atá faoi chonspóid, de réir bhrí phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí.

122 Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don chéad chuid den tríú saincheist dlí, ach sheas sí leis an tríú cuid den tsaincheist dlí sin. Dá bhrí sin, chinn sí gurbh iomchuí, gan aon ghá a bheith ann scrúdú a dhéanamh ar an dara cuid den tsaincheist dlí sin ná ar na saincheisteanna dlí eile sa chaingean, an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

123 Rinne an Chúirt Ghinearálta achoimre, i mír 391 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar a réasúnaíocht mar fhreagairt ar an tríú cuid den tríú saincheist dlí de chuid Front Polisario mar seo a leanas:

'[...] agus an cinneadh [atá faoi chonspóid] á ghlacadh aici, níor chuir an Chomhairle san áireamh go leordhóthanach an fhaisnéis ábhartha go léir a bhaineann leis an staid sa Sahára Thiar agus gur mheas sí go mícheart go raibh lánrogha aici cinneadh a dhéanamh an raibh sé riachtanach an ceanglas a chomhlíonadh go raibh ar phobal na críche sin a dtoiliú a chur in iúl do chur i bhfeidhm an chomhaontaithe atá i gceist, mar thríú páirtí sa chomhaontú sin, i gcomhréir leis an léiriú arna ghlacadh ag an gCúirt Bhreithiúnais ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí i gcomhar le prionsabal an fhéinchinntiúcháin. Go háirithe, ar an gcéad dul síos, bhí an Chomhairle agus an Coimisiún mícheart a mheas nárbh fhéidir a fháil amach an raibh an toiliú sin ann mar gheall ar staid reatha na críche sin agus, go háirithe, trí [Front Polisario]. Ar an dara dul síos, toisc gur fhág na comhairliúcháin a rinne an Coimisiún agus an SEGS, nach raibh sé d'aidhm acu toiliú den sórt sin a fháil agus nach raibh sé d'aidhm acu dul i dteagmháil le 'comhlachtaí ionadaíocha' an phobail sin, gur féidir prionsabal éifeacht choibhneasta na gConarthaí mar a léirigh an Chúirt Bhreithiúnais é i mír 106 de bhreithiúnas [an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973)] a chomhlíonadh, níor thuig an Chomhairle raon feidhme na gcomhairliúchán sin ná raon feidhme an cheanglais a leagtar amach sa mhír sin. Ar an tríú dul síos, bhí an Chomhairle mícheart a mheas go bhféadfadh sí brath ar litir

an 29 Eanáir 2002 ón [Comhairleoir Dlí, Leas-Ardrúnaí um Ghnóthaí Dlíthiúla na Náisiún Aontaithe ("litir an 29 Eanáir 2002 ó Chomhairleoir Dlí na Náisiún Aontaithe")] chun na critéir a líomhnaítear a leagtar amach sa litir sin a chur in ionad an cheanglais sin.'

124 Is iomchuí scrúdú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar ghearáin na n-iarratasóirí maidir le toiliú phobal an tSahára Thiar trí chomhairliúcháin le hionadaithe phobal an tSahára Thiar agus raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar an gcinneadh atá faoi chonspóid agus, dá réir sin, ar an gcomhaontú atá i gceist maidir leis an toiliú sin, lena n-áirítear a n-argóintí maidir le raon feidhme litir an 29 Eanáir 2002 ó chomhairleoir dlí na Náisiún Aontaithe. Ar an dara dul síos, is gá scrúdú a dhéanamh ar a ngearáin maidir leis an ngá atá le toiliú den sórt sin agus le Front Polisario a shainaithint mar an t-eintiteas atá freagrach as an toiliú sin a chur in iúl.

– Na gearáin maidir le toiliú phobal an tSahára Thiar trí chomhairliúcháin le hionadaithe phobal an tSahára Thiar agus raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar an gcinneadh atá faoi chonspóid

125 Ba cheart a mheabhrú, i mír 106 de bhreithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973), gur thug an Chúirt faoi deara, i gcomhthéacs léiriú na bhfocal 'críoch Ríocht Mharacó' in Airteagal 94 den Chomhaontú Comhlachais, nár mhór a mheas gur 'tríú páirtí' iad pobal an tSahára Thiar de réir bhrí phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí, agus, dá réir sin, go bhféadfadh cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais difear a dhéanamh don tríú páirtí i gcás ina n-áireofaí críoch an tSahára Thiar faoi raon feidhme an chomhaontaithe sin, gan é a bheith riachtanach a chinneadh an ndéanfadh an cur chun feidhme sin dochar dó nó, dá mhalairt, an rachadh sé chun tairbhe dó. Mheas sí, sa dá chás, nach mór toiliú an tríú páirtí sin a fháil don chur chun feidhme sin. Níor léir ón mbreithiúnas atá faoi achomharc sa chás as ar eascair breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973), go raibh toiliú den sórt sin curtha in iúl ag pobal an tSahára Thiar.

126 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear an méid seo a leanas in aithris 10 den chinneadh atá faoi chonspóid:

'I bhfianaise na mbreithnithe maidir le toiliú i mbreithiúnas [an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973)], tá gach beart réasúnach agus féideartha déanta ag an gCoimisiún, i gcomhar le [SEGS], sa chomhthéacs reatha ionas go mbeidh na daoine lena mbaineann rannpháirteach ar bhealach iomchuí d'fhonn a dtoiliú leis an gcomhaontú a chinntiú. Rinneadh comhairliúcháin fhorleathana agus chuir formhór na ngníomhaithe socheacnamaíocha agus polaitiúla a ghlac páirt sna comhairliúcháin in iúl go raibh siad i bhfabhar na bhfabhar taraife sa Chomhaontú Comhlachais a leathnú chuig an Sahára Thiar. Bhraith na daoine a dhiúltaigh don leathnú, go bunúsach, go ndearbhódh comhaontú den sórt sin seasamh Mharacó maidir le críoch an tSahára Thiar. Mar sin féin, ní thugann téacs an Chomhaontaithe le tuiscint go n-aithníonn sé ceannasacht Mharacó ar an Sahára Thiar [...]'

127 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, mar a tugadh faoi deara i mír 26 den bhreithiúnas seo, tar éis ráig na coinbhleachta armtha idir, *inter alia*, Ríocht Mharacó agus Front Polisario sna 1970idí, gur éiligh cuid mhór de dhaonra an tSahára Thiar ón gcoinbhleacht sin agus go bhfuair siad tearmann ar chríoch na hAilgéire. Dúirt ionadaí Front Polisario ina leith sin ag an éisteacht os comhair na Cúirte, gan aon duine ag cur ina éadan, as thart ar 500 000 Sachrámhach san iomlán, go bhfuil thart ar 250 000 dóibh ina gcónaí i gcampaí dídeanaithe san Ailgéir inniu, ceathrú eile i limistéar an tSahára Thiar atá faoi rialú Mharacó agus an cheathrú dheireanach in áiteanna eile ar domhan.

128 Leanann sé nach bhfuil an chuid is mó de dhaonra reatha an tSahára Thiar mar chuid de na daoine a bhfuil an ceart féinchinnteoireachta acu, eadhon pobal an tSahára Thiar. Is é an dara ceann, atá easáitithe den chuid is mó, an t-aon sealbhóir ar an gceart féinchinntiúcháin i ndáil le críoch an tSahára Thiar. Is leis na daoine lena mbaineann an ceart féinchinntiúcháin, agus ní le daonra na críche sin i gcoitinne, nach de thionscnamh Sachrámhach ach 25 % de, de réir na measachán a chuir an Coimisiún ar fáil ag an éisteacht os comhair na Cúirte.

129 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 123 agus 124 dá Tuairim, i ndáil leis sin, tá difríocht idir an coincheap 'daonra' de chríoch neamh-fhéinrialaitheach agus an coincheap 'pobal' na críocha sin. Tagraíonn 'pobal' d'aonad polaitiúil ag a bhfuil an ceart chun féinchinntiúcháin, ach tagraíonn coincheap an 'daonra' d'áitritheoirí críche.

130 Sa chás seo, chuaigh an Coimisiún agus SEGS i gcomhairle leis na 'daonraí lena mbaineann', lena n-áirítear go bunúsach, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i mír 337 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, na daonraí atá ar chríoch an tSahára Thiar faoi láthair, beag beann ar cé acu an le muintir na críche sin iad nó nach leo. Mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart, go bunúsach, i mír 373 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ní féidir, dá bhrí sin, gurb ionann na comhairliúcháin sin agus toiliú a fháil ó 'phobal' chríoch neamh-fhéinrialaitheach an tSahára Thiar.

131 Ar an dara dul síos, ba cheart a mheabhrú go n-áirítear sna rialacha ábhartha ar féidir brath orthu i gcomhthéacs an chaidrimh idir na páirtithe i gcomhaontú idir an tAontas agus tríú tír prionsabal an dlí idirnáisiúnta ghinearálta maidir le héifeacht choibhneasta conarthaí, ar dá réir nár cheart do chonarthaí dochar a dhéanamh do thríú páirtithe ná dul chun tairbhe dóibh (*pacta tertiis nec nocent nec prosunt*). Tugtar léiriú ar leith ar phrionsabal sin an dlí idirnáisiúnta ghinearálta in Airteagal 34 de Choinbhinsiún Vín, ar dá réir nach gcruthaíonn conradh aon oibleagáidí ná cearta do thríú Stát gan a thoiliú (breithiúnas an 25 Feabhra 2010, *Brita*, C-386/08, EU:C:2010:91, mír 44).

132 Tá raon feidhme an phrionsabail sin, dá dtagraítear freisin i mír 106 de bhreithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973), níos leithne ná riail maidir le léiriú ar chomhaontuithe idirnáisiúnta amháin. Fiú más rud é, de réir mar a mhaíonn na hiarratasóirí, go bhfuil comhaontú a dhéanann difear do chearta nó d'oibleagáidí tríú páirtí, in éagmais thoiliú an tríú páirtí sin, neamh-infheidhmithe i gcoinne an tríú páirtí sin faoi dhlí idirnáisiúnta na gconarthaí, d'fhéadfadh cur chun feidhme an chomhaontaithe sin difear a dhéanamh don tríú páirtí sin mar sin féin má áirítear an tríú páirtí sin laistigh dá raon feidhme maidir le críoch a bhfuil an tríú páirtí sin ceannasach ina leith nó a bhfuil sé de cheart aige féinchinntiúchán a dhéanamh ina leith. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh cur chun feidhme den sórt sin sárú a dhéanamh, mar mhalairt air sin, i gcás Stáit, ar a cheannasacht ar a chríoch agus, i gcás pobail, ar a cheart féinchinntiúcháin sa chríoch lena mbaineann an ceart sin. Dá bhrí sin, mar a thug an Chúirt faoi deara i mír 106 den bhreithiúnas sin, ní mór do chur chun feidhme comhaontaithe idirnáisiúnta idir an tAontas agus Ríocht Mharacó ar chríoch an tSahára Thiar toiliú a fháil ó phobal an tSahára Thiar.

133 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh easpa toilithe an phobail sin do chomhaontú den sórt sin, a leathnaíonn a chur chun feidhme chuig an gcríoch sin, difear a dhéanamh do bhailíocht ghníomh an Aontais, amhail an cinneadh atá faoi chonspóid, a bhaineann le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe sin. Ba cheart a mheabhrú i ndáil leis sin, faoi Airteagal 3(5) agus Airteagal 21(1) CAE, go rannchuideoidh gníomhaíocht an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe, le dianurramú agus le forbairt an dlí idirnáisiúnta, go háirithe maidir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a

urramú, agus, i gcomhréir le hAirteagal 207(1) CFAE, go ndéanfar an comhbheartas tráchtála faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais [féach, chuige sin, Tuairim 2/15 (*Comhaontú Saorthrádála AE-Singeapór*), an 16 Bealtaine 2017, EU:C:2017:376, míreanna 142 go 147].

134 Ní dhéanfaidh an lánrogha atá ag an gComhairle difear don chonclúid sin. Mar a thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara i mír 349 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, tá an lánrogha sin teorannaithe go dlíthiúil, ar an gcéad dul síos, leis an oibleagáid, atá bunaithe ar phrionsabal an fhéinchinntiúcháin, i gcomhthéacs an chaidrimh idir an tAontas agus Ríocht Mharacó, stádas leithleach agus sainiúil an tSahára Thiar a urramú agus, ar an dara dul síos, leis an gceanglas, atá bunaithe ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí, nach mór do phobal na críche sin toiliú le comhaontú idir an tAontas agus Ríocht Mharacó a chuirfí chun feidhme sa chríoch sin.

135 Tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid mar is ceart, i mír 349, gur faoin gComhairle a bhí sé a mheas an raibh údar maith leis na rialacha mionsonraithe maidir le léiriú an toilithe sin a oiriúnú mar gheall ar an staid reatha sa chríoch chéanna agus ar comhlíonadh na coinníollacha chun a mheas gur chuir pobal an tSahára Thiar an toiliú sin in iúl, ach nach raibh sé de shaoirse ag an gComhairle a chinneadh an bhféadfaí fáil réidh leis an toiliú sin, mura sháraigh sí an ceanglas go mbeadh ar phobal na críche sin toiliú le comhaontú den sórt sin.

136 Dá bhrí sin, ní féidir an Chúirt Ghinearálta a cháineadh as sárú a dhéanamh ar theorainneacha an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar ghníomhartha an Aontais a thagann faoi raon feidhme a gníomhaíochta seachtraí i bhfianaise dhlí idirnáisiúnta an ghnáis, mar a bhunaítear i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais, maidir le measúnú a dhéanamh ar an gcoinníoll a bhaineann leis an ngá atá le toiliú phobal an tSahára Thiar.

137 Sa tríú háit, maidir leis an argóint atá bunaithe ar raon feidhme litir an 29 Eanáir 2002 ó chomhairleoir dlí na Náisiún Aontaithe maidir leis an gceanglas toiliú a fháil ó phobal an tSahára Thiar, ní mór diúltú don argóint sin toisc í a bheith gan bhunús.

138 Bhí sé de cheart ag an gCúirt Ghinearálta a chinneadh, go bunúsach, i mír 385 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach foinse de dhlí an Aontais í an litir sin ar féidir brath uirthi os comhair chúirteanna an Aontais, ós rud é nach bhfuil sí, inti féin, cosúil le riail de dhlí na gconarthaí idirnáisiúnta atá ina ceangal ar an Aontas Eorpach ná le riail de dhlí idirnáisiúnta an ghnáis [féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Ardoideachas)*, C-66/18, EU:C:2020:792, mír 87 agus an cásdlí dá dtagraítear].

139 Thairis sin, ní mór diúltú mar neamhéifeachtach d'argóint an Choimisiúin maidir le comhfhogasú, arna dhéanamh ag an gCúirt Ghinearálta i míreanna 338 agus 339 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, idir na comhairliúcháin atá i gceist arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus SEGS, ar thaobh amháin, agus comhairliúcháin fhorleathana leis na páirtithe lena mbaineann, dá dtagraítear in Airteagal 11(3) CAE agus in Airteagal 2 de Phrótacal (Uimh. 2) maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, atá i gceangal le Conradh AE agus Conradh FAE, ar an taobh eile. Is leor a thabhairt faoi deara, i ndáil leis sin, in aon chás, mar a luaigh an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, go bhfuil comhairliúcháin den sórt sin, nach mór a bheith ann sula gcuirfidh an Coimisiún tograí reachtacha isteach, in-idirdhealaithe go bunúsach, de bharr a gcineáil agus a gcuspóra, ón gceanglas, a eascraíonn as an ngnáthdhlí idirnáisiúnta, go dtoilíonn daoine a bhfuil an ceart féinchinntiúcháin acu le comhaontú idirnáisiúnta ar tríú páirtí é ina leith a chur i bhfeidhm sa chríoch lena mbaineann an ceart sin.

140 Dá bhrí sin, bhí an Chúirt Ghinearálta go hiomlán i dteideal teacht ar an gconclúid, i mír 391 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar an gcéad dul síos, nár thuig an Chomhairle, agus í ag cinneadh go raibh na comhairliúcháin a rinne an Coimisiún agus SEGS in ann prionsabal éifeacht choibhneasta na gConarthaí a chomhlíonadh, arna léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais i mír 106 de bhreithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973), raon feidhme na gcomhairliúchán sin agus raon feidhme an cheanglais a leagtar amach i mír 106 den bhreithiúnas sin araon agus, ar an dara dul síos, go raibh an Chomhairle mícheart a mheas go bhféadfadh sí brath ar litir an 29 Eanáir 2002 ó Chomhairleoir Dlí na Náisiún Aontaithe chun na critéir a líomhnaítear a leagtar amach sa litir sin a chur in ionad an cheanglais sin.

– Na gearáin maidir leis an ngá atá le toiliú phobal an tSahára Thiar agus le sainaithint Front Polisario mar an t-eintiteas atá freagrach as an toiliú sin a chur in iúl

141 Mar a cuireadh in iúl i mír 123 den bhreithiúnas seo, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 391 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus an cinneadh atá faoi chonspóid á ghlacadh aici, nár chuir an Chomhairle san áireamh go leordhóthanach an fhaisnéis ábhartha go léir a bhaineann leis an staid sa Sahára Thiar agus gur mheas sí go mícheart go raibh lánrogha aici cinneadh a dhéanamh an raibh sé riachtanach an ceanglas a chomhlíonadh go raibh ar phobal na críche sin a dtoiliú a chur in iúl do chur i bhfeidhm an chomhaontaithe atá i gceist, mar thríú páirtí sa chomhaontú sin, i gcomhréir leis an léiriú arna ghlacadh ag an gCúirt Bhreithiúnais ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí i gcomhar le prionsabal an fhéinchinntiúcháin. Go háirithe, bhí sí den tuairim go raibh an Chomhairle agus an Coimisiún mícheart a mheas nárbh fhéidir a fháil amach an raibh an toiliú sin ann mar gheall ar an staid reatha i gcríoch an tSahára Thiar.

142 Go sonrach, thug sí faoi deara, i mír 321 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, cé go bhféadfadh an comhaontú atá i gceist cearta a chruthú i leith onnmhaireoirí atá bunaithe sa Sahára Thiar, nach mbaineann na héifeachtaí sin ach le daoine aonair agus ní le tríú páirtí ann, a fhéadfaidh toiliú a thabhairt dó. Ina theannta sin, mheas sí, maidir leis na tairbhí a d'fhéadfadh pobal na críche sin ina hiomláine a bhaint as an gcomhaontú sin, gur cheart, in aon chás, iad a mheas mar 'éifeachtaí socheacnamaíocha amháin agus ní [mar] éifeachtaí dlíthiúla' agus 'nach féidir, dá bhrí sin, na tairbhí sin, atá indíreach, a chomhshamhlú le cearta a dheonaítear do thríú páirtí, de réir bhrí éifeacht choibhneasta na gConarthaí'. Ina dhiaidh sin, chuir sí an méid seo a leanas in iúl i mír 322 den bhreithiúnas atá faoi achomharc:

'Os a choinne sin, is é éifeacht an chomhaontaithe atá faoi chonspóid oibleagáid a fhorchur ar an tríú páirtí atá i gceist, a mhéid a dheonaíonn sé inniúlacht do cheann de na páirtithe sa chomhaontú sin ar a chríoch, nach bhfuil sé i dteideal í féin a fheidhmiú nó, más iomchuí, feidhmiú na hinniúlachta sin a tharmligean (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Feabhra 2010, *Brita*, (C-368/08, EU:C:2010:91, mír 52). Ní féidir leis an dearbhú a rinne an Chomhairle nach bhfuil sí in ann an inniúlacht sin a fheidhmiú ag an gcéim seo, i bhfianaise a stádais mar chríoch neamh-fhéinrialaitheach agus an staid atá ann faoi láthair sa chríoch sin, amhras a chaitheamh ar an gcinneadh sin nó ar an ngá atá leis an tríú páirtí sin toiliú leis an oibleagáid sin a shárú.'

143 Thug an Chúirt Ghinearálta le fios uaidh sin, i mír 323 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach raibh feidhm sa chás seo ag an bprionsabal a chuirtear in iúl in Airteagal 36(1) de Choinbhinsiún Vín, ar dá réir is féidir toiliú tríú páirtí le conradh a thoimhdiú i gcás ina n-eascraíonn ceart ina leith faoin gconradh sin, mura léirítear a mhalairt, agus gur ghá, dá bhrí sin, léiriú an toilithe sin a bheith sainráite.

144 Cuirtear réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta a leagtar amach i míreanna 322 agus 323 den bhreithiúnas atá faoi achomharc ó bhail mar gheall ar earráid dlí.

145 I ndáil leis sin, is fíor, mar a luaitear i míreanna 132 go 135 agus 140 den bhreithiúnas seo, go raibh sé de cheart ag an gCúirt Ghinearálta a chinneadh, go bunúsach, ar bhonn phrionsabail an chirt féinchinntiúcháin agus éifeacht choibhneasta na gconarthaí, arna léiriú ag an gCúirt, go raibh toiliú phobal an tSahára Thiar le cur chun feidhme an chomhaontaithe atá faoi chonspóid sa chríoch sin ina choinníoll do bhailíocht an chinnidh atá faoi chonspóid agus nach raibh na comhairliúcháin a rinne an Coimisiún agus SEGS in ann toiliú den sórt sin a fháil ón bpobal sin.

146 Os a choinne sin, bhain sí míbhrí as an gcomhaontú atá faoi chonspóid nuair a chinn sí, go bunúsach, i mír 322 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go mbeadh sé d'éifeacht ag an gcomhaontú sin oibleagáid a fhorchur ar phobal an tSahára Thiar, trí chumhachtaí áirithe dá bhforáiltear i ndáil le críoch an tSahára Thiar a thabhairt d'údaráis Ríocht Mharacó.

147 Cé go gciallaíonn cur chun feidhme an chomhaontaithe atá faoi chonspóid go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ag gníomhartha údaráis Mharacó a dhéantar i gcríoch an tSahára Thiar amhail na cinn a thuairiscítear i míreanna 94 go 96 den bhreithiúnas seo, lena n-athraítear staid dhlíthiúil phobal na críche sin, ní cheadaítear, mar sin féin, a mheas go gcruthaítear oibleagáidí dlíthiúla ar na daoine sin, mar ábhar dlí idirnáisiúnta, toisc go n-aithnítear leis an gcomhaontú sin do na húdaráis sin cumhachtaí riaracháin áirithe a fheidhmítear sa chríoch sin.

148 I ndáil leis sin, mar a chuirtear in iúl sa chomhaontú atá faoi chonspóid, ní thugtar le tuiscint leis an gcomhaontú sin go n-aithníonn an tAontas ceannasacht líomhnaithe Ríocht Mharacó ar an Sahára Thiar. Thairis sin, ní seolaí iad pobal an tSahára Thiar do na deimhnithe tionscnaimh ná do na gníomhartha riaracháin eile arna ndréachtú ag údaráis Mharacó i gcomhthéacs chur chun feidhme an chomhaontaithe sin, a bhfuil sé de cheangal orthu aitheantas a thabhairt dó, ná do na bearta arna ndéanamh ag údaráis an Aontais agus na mBallstát ina leith. Thairis sin, a mhéid is léir ón gcomhaontú atá faoi chonspóid nach bhfuil feidhm aige ach amháin maidir le táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar atá faoi réir rialú údaráis chustaim Ríocht Mharacó, ní chuireann a thabhairt i gcrích cosc ar an Aontas socruithe ar leith a leagan síos, más iomchuí, a mbeadh feidhm acu maidir le táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar nach bhfuil faoi réir rialú na n-údarás sin, go háirithe maidir le táirgí de thionscnamh na coda de chríoch an tSahára Thiar atá faoi rialú Front Polisario.

149 Dá bhrí sin, bhí sé bunaithe ar réamhleagan mícheart gur chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 323 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach mór léiriú thoiliú phobal an tSahára Thiar leis an gcomhaontú atá faoi chonspóid a bheith sainráite.

150 Ní mór a mheabhrú, áfach, má nochtann forais chinnidh ón gCúirt Ghinearálta sárú ar dhlí an Aontais, ach is cosúil go bhfuil bunús maith leis an gcuid oibríochtúil den chinneadh sin bunaithe ar fhorais dhlíthiúla eile, nach bhfuil mar thoradh ar shárú den sórt sin go ndéanfaí an cinneadh sin a neamhniú agus ní mór forais eile a chur ina n-ionad (breithiúnas an 17 Eanáir 2023, *an Spáinn* v *an Coimisiún*, C-632/20 P, EU:C:2023:28, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

151 Is gá, dá bhrí sin, a fháil amach an cosúil go bhfuil an chuid oibríochtúil den bhreithiúnas atá faoi achomharc, a mhéid a chuir sé an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní, gan bhunús ar fhorais dlí seachas na forais sin a cuireadh ó bhail mar gheall ar an earráid a sainaithníodh i míreanna 146 go 149 den bhreithiúnas seo.

152 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach leagtar síos le dlí idirnáisiúnta an ghnáis aon fhoirm ar leith chun toiliú tríú páirtí le comhaontú lena dtugtar ceart dó a léiriú (féach, chuige sin, breithiúnas na Buanchúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta an 7 Meitheamh 1932, 'Zones Franches de la Haute-Savoie et du Pays de Gex', Tuarascálacha CPJI 1927, Sraith A/B, Uimh. 46, lch. 148). Dá bhrí sin, ní chuireann an ceart céanna sin bac ar thoiliú den sórt sin a dheonú go hintuigthe in imthosca áirithe. Dá bhrí sin, i gcás áirithe daoine i gcríoch neamh-fhéinrialaitheach, féadfar a thoimhdiú go dtoilíonn na daoine sin le comhaontú idirnáisiúnta ar tríú páirtithe iad ina leith agus a bhforáiltear dá chur i bhfeidhm sa chríoch lena mbaineann a gceart chun féinchinntiúcháin ar choinníoll go gcomhlíontar dhá choinníoll.

153 Ar an gcéad dul síos, níor cheart oibleagáid a chur ar na daoine sin leis an gcomhaontú atá i gceist. Ar an dara dul síos, ní mór foráil a dhéanamh sa chomhaontú sin go bhfaighidh an pobal lena mbaineann iad féin, nach féidir le daonra na críche lena mbaineann ceart féinchinntiúcháin an phobail sin ionadaíocht leordhóthanach a dhéanamh orthu, buntáiste beacht, nithiúil, substaintiúil agus infhíoraithe a eascraíonn as saothrú acmhainní nádúrtha na críche sin, agus atá comhréireach le méid an tsaothraithe sin. Ní mór ráthaíochtaí a bheith ag gabháil leis an mbuntáiste sin go ndéanfar saothrú den sórt sin faoi choinníollacha atá comhsheasmhach le prionsabal na forbartha inbhuanaithe chun a áirithiú go mbeidh fáil fhorleathan ar acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite agus go ndéanfar acmhainní nádúrtha in-athnuaite, amhail stoic éisc, a atógáil ar bhonn leanúnach. Ar deireadh, ní mór foráil a dhéanamh sa chomhaontú atá i gceist freisin maidir le sásra athbhreithnithe rialta lena bhféadfar fírinne an bhuntáiste a thugtar dá bhun do na daoine lena mbaineann a fhíorú.

154 Is gá na coinníollacha sin a chomhlíonadh chun a áirithiú go bhfuil comhaontú den sórt sin ag luí leis an bprionsabal, a eascraíonn as Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe agus a chumhdaítear i ndlí idirnáisiúnta an ghnáis, maidir le tosaíocht leasanna phobal na gcríoch neamh-fhéinrialaitheach. Ar an gcaoi sin, rannchuidíonn sé lena áirithiú go bhfuil gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta bunaithe, mar a fhoráiltear in Airteagal 21(1) CAE, ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta.

155 Má chomhlíontar an dá choinníoll atá leagtha amach i mír 153 thuas, ní mór talamh slán a dhéanamh de thoiliú an phobail lena mbaineann. Ós rud é go gcuireann gluaiseacht a chuireann í féin in iúl mar ionadaí dlisteanach an phobail sin bac ar an gcomhaontú sin, ní leor ann féin amhras a chaitheamh ar an toiliú toimhdithe sin a bheith ann.

156 Mar sin féin, féadfar an toimhde toilithe sin a fhrisnéis a mhéid a shuíonn ionadaithe dlisteanacha an phobail sin nach gcomhlíonann an córas buntáiste a thugtar don phobal céanna leis an gcomhaontú atá i gceist, nó fiú leis an sásra athbhreithnithe rialta nach mór é a chur ag gabháil leis, na coinníollacha a leagtar amach i mír 153 den bhreithiúnas seo. Is faoi chúirteanna an Aontais atá sé, i gcás inarb iomchuí, an cheist sin a chinneadh, chun a mheas, go háirithe, an gcaomhnaítear go leordhóthanach leis an gcomhaontú sin ceart féinchinntiúcháin an phobail lena mbaineann nó an bhuancheannasacht ar acmhainní nádúrtha a eascraíonn as an gceart sin agus as Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe. Is féidir leis an gCoimisiún, leis an gComhairle, le Parlaimint na hEorpa agus le haon Bhallstát tuairim na Cúirte a fháil maidir le comhoiriúnacht an chomhaontaithe atá beartaithe le forálacha na gConarthaí, go háirithe Airteagal 21(1) CAE, fiú sula ndéanfar comhaontú idir an tAontas agus Ríocht Mharacó lena bhforáiltear do chóras buntáistí den sórt sin a shíniú nó a thabhairt i gcrích.

157 Sa chás seo, ní mór a mheas go bhfuil an chéad cheann den dá choinníoll a leagtar amach i mír 153 den bhreithiúnas seo comhlíonta. Ar na cúiseanna a leagtar amach i míreanna 147 agus 148 den bhreithiúnas sin, ní chruthaítear leis an gcomhaontú atá faoi chonspóid, cé go n-athraíonn sé staid dhlíthiúil phobal an tSahára Thiar faoi dhlí an Aontais i bhfianaise a gceart féinchinntiúcháin sa chríoch sin, oibleagáidí dlíthiúla ar an bpobal sin, mar ábhar den dlí idirnáisiúnta.

158 Maidir leis an dara coinníoll, ní mór a mheas go bhfuil buntáiste i bhfabhar phobal an tSahára Thiar, a chomhlíonann na saintréithe a luaitear i mír 153 den bhreithiúnas seo, go follasach in easnamh sa chomhaontú atá faoi chonspóid, mar is léir go háirithe ó na freagraí a thug an Coimisiún ar na ceisteanna a chuir an Chúirt ag an éisteacht os a comhair.

159 Go háirithe, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta, agus an ceart aici, i míreanna 318 agus 319 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, níl sé i gceist leis an gcomhaontú atá faoi chonspóid cearta a dheonú do phobal an tSahára Thiar, mar thríú páirtí in ndáil leis an gcomhaontú sin. Is í Ríocht Mharacó, mar pháirtí sa chomhaontú atá faoi chonspóid, a bhfuil na fabhair tharaife arna ndeonú ag an Aontas do tháirgí ón Sahára Thiar faoin gcomhaontú sin ina seilbh aici. Ina theannta sin, mhínigh an Coimisiún ag an éisteacht os comhair na Cúirte gurbh é éifeacht an chomhaontaithe sin táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar a áireamh faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais agus, dá bhrí sin, iad a chur ar chomhchéim, a mhéid a bhaineann le fabhair tharaife, le táirgí Mharacó, chomh maith le táirgí de thionscnamh na hAilgéire agus na Máratáine, a bhfuil fabhair tharaife acu freisin.

160 Dá bhrí sin, ní féidir a thoimhdiú gur thoiligh pobal an tSahára Thiar le cur i bhfeidhm an chomhaontaithe atá faoi chonspóid sa chríoch sin.

161 Ní mór a thabhairt faoi deara nach féidir amhras a chaitheamh ar an bhféidearthacht maidir le toiliú toimhdithe i gcomhréir le míreanna 152 go 155 den bhreithiúnas seo toisc go dtagraítear in Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe, a bhaineann le críocha neamh-fhéinrialaitheacha, do ‘dhaonraí’ agus ‘áitritheoirí’ na gcríoch sin agus go sainmhínítear mar ‘mhisean naofa’ an oibleagáid a rathúnas a chur chun cinn a mhéid is féidir, agus ar an gcaoi sin, i gcás an tSahára Thiar, cuid de ‘dhaonra’ na críche sin nach bhfuil san áireamh i ‘bpobal’ an tSahára Thiar a chumhdach. I ndáil leis sin, meastar go bhfuil sé fíor-riachtanach i Rún 2703 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, dá dtagraítear i mír 31 den bhreithiúnas seo, go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh sa chaibidlíocht ionas go dtiocfaidh feabhas ar cháilíocht saoil áitritheoirí an tSahára Thiar i ngach réimse. Dá rachadh comhaontú chun tairbhe do phobal an tSahára Thiar amach anseo i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 153 den bhreithiúnas seo, ní bheadh an fhéidearthacht go rachadh an comhaontú sin chun tairbhe d’áitritheoirí na críche sin i gcoitinne in ann cosc a chur ar chinneadh maidir le toiliú toimhdithe an phobail sin.

162 Ina theannta sin, i bhfianaise an chinnidh a rinneadh i mír 145 den bhreithiúnas seo nach raibh na comhairliúcháin a rinne an Coimisiún agus SEGS in ann toiliú den sórt sin a fháil ón bpobal sin, is é conclúid na Cúirte Ginearálta, i mír 391 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár chuir an Chomhairle san áireamh go leordhóthanach, agus an cinneadh atá faoi chonspóid á ghlacadh aici, ar an gcéad dul síos, an fhianaise ábhartha go léir a bhaineann le staid an tSahára Thiar agus, ar an dara dul síos, gur mheas an Chomhairle agus an Coimisiún go mícheart nach bhféadfaí a fháil amach, mar gheall ar an staid reatha sa chríoch sin, gurb ann do thoiliú phobal an tSahára Thiar leis an gcomhaontú atá i gceist.

163 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don cheathrú saincheist dlí i gCás C-779/21 P agus don cheathrú saincheist dlí i gCás C-799/21 P toisc iad a bheith gan bhunús.

An cúigiú saincheist dlí i gCás C-779/21 P agus an tríú saincheist dlí i gCás C-799/21 P, lena n-éilítear earráidí dlí maidir le hinghlacthacht an dlí idirnáisiúnta

Argóintí na bpáirtithe

164 Déanann an Coimisiún, lena chúigiú saincheist dlí, agus an Chomhairle, lena tríú saincheist dlí, agóid go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí maidir le hinghlacthacht noirm an dlí idirnáisiúnta i gcaingean a bhaineann le bailíocht cinnidh maidir le tabhairt i gcrích comhaontaithe idirnáisiúnta ag an Aontas. Baineann na saincheisteanna dlí sin leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc a mhéid a chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 297 de, go bhféadfadh Front Polisario brath ar phrionsabal an fhéinchinntiúcháin agus ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí agus, dá bhrí sin, nach raibh an tríú saincheist dlí a ardaíodh os a comhair éifeachtach.

165 Meabhraíonn na hinstitiúidí sin, go háirithe, an cásdlí ar dá réir nach féidir le duine aonair brath ar phrionsabail dhlí idirnáisiúnta an ghnáis chun críocha scrúdú na Cúirte ar bhailíocht gnímh de chuid an Aontais ach amháin más féidir leo amhras a chaitheamh ar inniúlacht an Aontais gníomh a ghlacadh agus más féidir leis an ngníomh atá i gceist difear a dhéanamh do chearta a fhaigheann an duine aonair ó dhlí an Aontais nó oibleagáidí a chruthú faoi dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2011, *Air Transport Association of America agus páirtithe eile*, C-366/10, EU:C:2011:864, mír 107).

166 Cuireann an Chomhairle in iúl freisin, cé gur féidir brath ar rialacha an dlí idirnáisiúnta, go bhfuil athbhreithniú na Cúirte Breithiúnais teoranta, in aon chás, d'earráidí follasacha measúnaithe a bheith ann ag na hinstitiúidí maidir leis na coinníollacha chun na rialacha sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le breithiúnas an 21 Nollaig 2011, *Air Transport Association of America agus páirtithe eile* (C-366/10, EU:C:2011:864, mír 107). Sa chás seo, ní féidir le prionsabail an fhéinchinntiúcháin agus éifeacht choibhneasta na gconarthaí amhras a chaitheamh ar inniúlacht an Aontais, ós rud é gur luaigh an Chúirt Bhreithiúnais go hintuigthe cheana féin nach gcuireann an dlí idirnáisiúnta cosc ar chonradh a bheith in ann, de mhaolú ar an riail ghinearálta, Stát a cheangal i leith críoch eile, rud a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta go sainráite trí dhiúltú don tsaincheist dlí lena líomhnaítear nach raibh inniúlacht ag an gComhairle an comhaontú atá faoi chonspóid a thabhairt i gcrích. In aon chás, ní bhaineann éifeacht choibhneasta na gconarthaí le bailíocht comhaontaithe ach lena in-fhorfheidhmitheacht.

167 Cuireann Poblacht na Fraince in iúl ina leith sin, fiú dá bhféadfaí brath ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí agus dá sárófaí é sa chás seo, nach gcuirfí an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní mar thoradh ar shárú den sórt sin, a mhéid, faoin bprionsabal sin, nach bhfuil toiliú tríú páirtí faoi choinníoll bhailíocht an chonartha lena mbaineann.

168 Diúltaíonn Front Polisario don argóint sin.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

169 Chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl, i mír 284 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais, i mír 107 de bhreithiúnas an 21 Nollaig 2011, *Air Transport Association of America agus páirtithe eile* (C-366/10, EU:C:2011:864), nach bhféadfadh duine aonair brath ar phrionsabail an ghnáthdhlí idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 103 den bhreithiúnas sin chun bailíocht gnímh de chuid an Aontais a scrúdú ach amháin a mhéid, ar an gcéad dul síos, a d'fhéadfadh na prionsabail sin amhras a chaitheamh ar inniúlacht an Aontais an gníomh sin a ghlacadh agus, ar an dara dul síos, i gcás ina bhféadfadh an gníomh atá i gceist difear a dhéanamh do chearta a fhaigheann duine aonair ó dhlí an Aontais nó oibleagáidí a chruthú ina leith faoi dhlí an Aontais. Shonraigh an Chúirt Ghinearálta gur bhain an cás as ar eascair an breithiúnas deireanach sin leis an bprionsabal go bhfuil ceannasacht iomlán agus eisiach ag gach Stát ar a aerspás féin, leis an bprionsabal nach bhféadfaidh aon Stát a éileamh go dlisteanach aon chuid den mhórmhuir a chur faoi réir a cheannasachta agus le prionsabal na saoirse eitilt thar an mórmhuir.

170 Chinn sí, go háirithe, i mír 276 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, maidir leis an gcumas brath ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta arna léiriú ag an gCúirt, go háirithe prionsabal an fhéinchinntiúcháin agus prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí, ar an gcéad dul síos, go raibh dlínse ag cúirteanna an Aontais measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht cinnidh maidir le comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích le, *inter alia*, rialacha an dlí idirnáisiúnta, ós rud é nach mór don Aontas a chumhachtaí a fheidhmiú i gcomhréir leis na rialacha sin, atá ina gceangal air de bhua na gConarthaí. I mír 279 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais, i míreanna 88 agus 89 de bhreithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973), 'gur cheart infhorfheidhmithe *erga omnes* agus ceann de bhunphrionsabail an dlí idirnáisiúnta é an ceart féinchinntiúcháin agus, dá réir sin, go raibh an prionsabal sin mar chuid de rialacha an dlí idirnáisiúnta is infheidhme sa chaidreamh idir an tAontas agus Ríocht Mharacó, a raibh sé de cheangal ar chúirteanna an Aontais a chur san áireamh'.

171 Chinn sí, i mír 291 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, 'sa chás seo, nach féidir measúnú a dhéanamh ar inghlacthacht phrionsabal an fhéinchinntiúcháin agus phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 107 go 109 de bhreithiúnas an 21 Nollaig 2011, *Air Transport Association of America agus páirtithe eile* (C-366/10, EU:C:2011:864), a mhéid a bhí na breithnithe sin bunaithe ar mheasúnú ar imthosca sonracha an cháis, a bhaineann le cineál na bprionsabal den dlí idirnáisiúnta ar a bhfuiltear ag brath agus leis an ngníomh atá faoi chonspóid agus le staid dhlíthiúil na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí, nach bhfuil inchomparáide le himthosca an cháis seo'. Go háirithe, de réir na Cúirte Ginearálta, 'ní féidir teorainn a chur le hinghlacthacht an dá phrionsabal thuasluaite, sa chás seo, chun agóid a dhéanamh i gcoinne inniúlacht an Aontais an chinneadh [atá faoi chonspóid] a ghlacadh, ós rud é, ar an gcéad dul síos, go mbraitheann [Front Polisario] ar oibleagáidí soiléire, beachta agus neamhchoinníollacha atá ar an Aontas Eorpach i gcomhthéacs ghlacadh an chinnidh sin agus, ar an dara dul síos, go bhfuil sé i gceist leis an spleáchas sin a áirithiú go n-urramófar cearta tríú páirtí sa chomhaontú a bhféadfadh sárú na n-oibleagáidí sin difear a dhéanamh dó'.

172 Níl an réasúnaíocht seo curtha ó bhail ag earráidí dlí.

173 Ceanglaítear ar an Aontas, i gcomhréir le cásdlí socair, a chumhachtaí a fheidhmiú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta ina iomláine, lena n-áirítear rialacha agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta ghinearálta agus an dlí idirnáisiúnta ghnásúil agus forálacha coinbhinsiún idirnáisiúnta atá ina gceangal air (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Western Sahara Campaign UK*, C-266/16, EU:C:2018:118, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

174 Dá bhrí sin, tá dlínse ag an gCúirt, i gcomhthéacs caingean le haghaidh neamhniú, a mheas an bhfuil comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas ag luí le rialacha an dlí idirnáisiúnta atá, i gcomhréir leis na Conarthaí, ina cheangal ar an Aontas Eorpach. Féadfaidh an t-athbhreithniú ar an mbailíocht a d'fhéadfadh a bheith ag an gCúirt i ndáil leis an ngníomh lenar thug an tAontas comhaontú idirnáisiúnta den sórt sin i gcrích baint a bheith aige le dlíthiúlacht an ghnímh sin i bhfianaise ábhar iarbhír an chomhaontaithe idirnáisiúnta atá i gceist (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Western Sahara Campaign UK*, C-266/16, EU:C:2018:118, míreanna 48 go 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

175 Dá bhrí sin, bhí an Chúirt Ghinearálta i dteideal a mheas go bhféadfaí brath ar phrionsabal an fhéinchinntiúcháin agus ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar bhailíocht an chinnidh atá faoi chonspóid.

176 Dá bhrí sin, ní éireoidh le hargóint an Choimisiúin agus na Comhairle gur cheart a thuiscint ó bhreithiúnas an 21 Nollaig 2011, *Air Transport Association of America agus páirtithe eile* (C-366/10, EU:C:2011:864) nach féidir brath ar na prionsabail sin i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar bhailíocht an chinnidh atá faoi chonspóid.

177 Maidir leis an ngearán a chuir an Chomhairle ar aghaidh gur cheart an t-athbhreithniú a rinne cúirteanna an Aontais ar chomhréireacht gnímh de chuid an Aontais le rialacha dlí idirnáisiúnta den sórt sin a theorannú d'earráidí follasacha measúnaithe, tá an gearán sin, go bunúsach, doscartha ón ngearán a cuireadh ar aghaidh i gcomhthéacs an cheathrú saincheist dlí, lena n-éilítear nár thug an Chúirt Ghinearálta aird ar lánrogha na Comhairle i réimse an chaidrimh sheachtraigh. Dá bhrí sin, ní mór diúltú dó ar na cúiseanna céanna leo siúd a leagtar amach i mír 134 den bhreithiúnas seo.

178 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chúigiú saincheist dlí i gCás C-779/21 P agus don tríú saincheist dlí i gCás C-799/21 P toisc iad a bheith gan bhunús.

179 Ós rud é nár seasadh le haon cheann de na saincheisteanna dlí a d'ardaigh an Coimisiún agus an Chomhairle chun tacú leis na hachomhairc i gCásanna C-779/21 P agus C-799/21 P, ní mór na hachomhairc sin a dhíbhe ina n-iomláine.

Na maímh mhalartacha a rinne an Chomhairle agus an Coimisiún

Argóintí na bpáirtithe

180 Mar mhalairt air sin, agus béim á leagan ag an gComhairle ar an mbaol, i gcás ina ndéanfaí an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú, go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha diúltacha ann do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus go dtarraingeofaí amhras ar dheimhneacht dhlíthiúil na ngealltanas idirnáisiúnta lenar thoiligh sí agus atá ceangailteach ar na hinstitiúidí

agus ar na Ballstáit, measann an Chomhairle gur gá, dá ndiúltódh an Chúirt don achomharc i gcoinne an bhreithiúnais atá faoi achomharc, a ordú go gcoinneofaí éifeachtaí an chinnidh sin ar feadh tréimhse 12 mhí.

181 Ó thaobh an Choimisiúin de, measann sé go mbeadh sé inmhianaithe éifeachtaí an chinnidh atá faoi chonspóid a choinneáil ar feadh bliain go leith, dá gcinnfeadh an Chúirt go bhfuil bonn cirt le neamhniú an chinnidh sin ar fhorais seachas na forais a leagtar amach sa bhreithiúnas atá faoi achomharc agus go bhféadfaí féidearthacht réalaíoch a bhaint as cinntí na Cúirte Breithiúnais go bhféadfaí comhaontú lena gcumhdaítear an Sahára Thiar a thabhairt i gcrích mar sin féin le Ríocht Mharacó, ionas go bhféadfaí an chaibidlíocht is gá a dhéanamh chun cinntí ón gComhairle a ghlacadh maidir le comhaontú den sórt sin a shíniú agus a thabhairt i gcrích.

182 Tá Front Polisario i gcoinne na n-éileamh sin.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

183 De réir an dara mír d'Airteagal 264 CFAE, d'fhéadfadh an Chúirt, má mheasann sí go bhfuil gá leis, a chur in iúl cad iad na héifeachtaí de ghníomh atá neamhnithe ar chóir a mheas a bheith cinntitheach.

184 I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí na Cúirte go bhféadtar, i bhfianaise na bhforas maidir le deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtaí gnímh den sórt sin a choinneáil go háirithe nuair a bheadh iarmhairtí tromchúiseacha diúltacha ann do na páirtithe lena mbaineann mar thoradh ar éifeachtaí láithreacha a neamhnithe [breithiúnas an 1 Márta 2022, *an Coimisiún* v *an Chomhairle (Comhaontú le Poblacht na Cóiré)*, C-275/20, EU:C:2022:142, mír 54 agus an cásdlí dá dtagraítear].

185 Sa chás seo, d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha diúltacha a bheith ag neamhniú an chinnidh atá faoi chonspóid, gan a éifeachtaí a choinneáil ar feadh tréimhse theoranta, ar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus amhras a chaitheamh ar dheimhneacht dhlíthiúil na ngealltanas idirnáisiúnta ar thoiligh sé leo agus atá ceangailteach ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit. Ba é cuspóir an chinnidh atá faoi chonspóid formheas an chomhaontaithe atá faoi chonspóid thar ceann an Aontais, tar éis don chomhaontú sin teacht i bhfeidhm an 19 Iúil 2019.

186 Dá bhrí sin, ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ní mór éifeachtaí an chinnidh atá faoi chonspóid a choimeád ar feadh tréimhse 12 mhí ón dáta a thugtar an breithiúnas seo.

Costais

187 Faoi Airteagal 184(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, i gcás nach bhfuil bunús leis an achomharc, déanfaidh an Chúirt cinneadh maidir le costais.

188 I gcomhréir le hAirteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta sin, is infheidhme maidir le himeachtaí achomhairc de bhua Airteagal 184(1) dóibh, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

189 Sa chás seo, ós rud é go bhfuil iarratas déanta ag Front Polisario ar chostais i gcoinne na Comhairle agus an Choimisiúin agus nár éirigh leo sa chás seo, ní mór a ordú dóibh a gcostais féin agus na costais arna dtabhú ag Front Polisario sna hachomhairc seo a íoc.

190 Foráiltear le hAirteagal 140(1) de na Rialacha Nós Imeachta, atá infheidhme freisin maidir le himeachtaí achomhairc de bhua Airteagal 184(1) de na Rialacha sin, go n-íocfaidh na Ballstáit agus na hinstitiúidí a rinne idiragairt sna himeachtaí a gcostais féin.

191 Sa chás seo, ní mór do Ríocht na Beilge, don Ungáir, do Phoblacht na Portaingéile agus do Phoblacht na Slóvaice, idiragraithe i gCás C-799/21, do Ríocht na Spáinne, idiragraí i gCásanna C-779/21 agus C-799/21, agus do Phoblacht na Fraince, idiragraí ag an gcéad chéim, a gcostais féin a íoc.

192 Ar deireadh, foráiltear le hAirteagal 140(3) de na Rialacha Nós Imeachta, atá infheidhme freisin maidir le himeachtaí achomhairc de bhua Airteagal 184(1) de na Rialacha sin, gur féidir leis an gCúirt cinneadh a dhéanamh go n-íocfaidh idiragraí seachas Ballstát nó institiúid a chostais féin.

193 Sa chás seo, ní mór a ordú do Comader a chostais féin a íoc.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra):

1. **Díbhtear na hachomhairc.**

2. **Maidir le Cinneadh (AE) 2019/217 ón gComhairle an 28 Eanáir 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, coimeádtar éifeachtaí an chinnidh sin ar feadh tréimhse 12 mhí ón dáta a thugtar an breithiúnas seo.**

3. **Ordaítear don Choimisiún Eorpach agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh a gcostais féin agus na costais arna dtabhú ag an Front populaire pour la libération de la Saguia-el-Hamra et du Rio de oro (Front Polisario) sna hachomhairc seo a íoc.**

4. **Ordaítear do Ríocht na Beilge, do Ríocht na Spáinne, don Ungáir, do Phoblacht na Portaingéile, do Phoblacht na Slóvaice, do Phoblacht na Fraince agus don Confédération marocaine de l'agriculture et du développement rural (Comader) a gcostais féin a íoc.**

Sínithe